



**Music
Generation**

Tuarascáil Bhliantúil 2021

Clár na nÁbhar

Gluais	02
Focal ón gCathaoirleach	05
Réamhrá an Stiúrthóra	06
Music Generation	08
→ Fís	
→ Misean	
An Bhliain i bPictiúir	10
Spríocanna Straitéiseacha	12
Príomhimeachtaí agus Príomhscéalta	24
Gníomhaíochtaí agus Torthaí	32
Bord agus Oifig Forbartha Náisiúnta	38
→ An Bord	
→ An Fhoireann	
Rialachas	39
→ Ráiteas maidir leis an mbealach ina bhfeidhmíonn an Bord	
→ Minicíocht Cruinnithe Boird agus Coiste	
→ Ráiteas maidir le Bearta Bainistíocht Riosca	
Airgeadas	40
→ Achoimre ar Fhigiúirí 2021	
Aguisíní	42
→ Aguisín A: Comhaltas agus Freastal ar Chruinnithe Boird	
→ Aguisín B: Táillí Stiúrthóirí agus Costais a Íocadh le Comhaltaí an Bhoird	

Gluais

D'fhéadfaí go mbainfí úsáid as acrainmneacha mar ghiorrúcháin do théarmaíocht a thagann aníos go minic i dTuarascáil Bhliantúil 2021 Music Generation. D'fhéadfadh teidil agus feidhmeanna Music Generation, tionscnaimh Music Generation agus/nó údaráis rialtais reachtúla agus oideachais a bheith san áireamh anseo. Tabharfaidh an ghluais seo sainmhínte a d'fhéadfadh cabhair a thabhairt ag dul trí Thuarascáil Bhliantúil 2021.

Ciste na gClár Cruthaitheachta agus Comhoibríoch (CCCC)

Tacaíonn Ciste na gClár Cruthaitheachta agus Comhoibríoch Music Generation le tograí náisiúnta, réigiúnach agus áitiúla a chuireann deiseanna ar fáil do pháistí, daoine óga agus ceoltóirí gairmiúla teacht le chéile agus ceol a dhéanamh. Tá Ciste na gClár Cruthaitheachta agus Comhoibríoch cómhainithe ag an gComhairle Ealaíon agus an Roinn Oideachais.

Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Úsáidtear an téarma Forbairt Ghairmiúil Leanúnach chun cur síos ar na gníomhaíochtaí foghlama a dhéanann gairmithe chun a gcuid scileanna a fheabhsú agus a fhorbairt.

Boird Oideachais agus Oiliúna (BOO)

Is údaráis oideachais reachtúla iad na Boird Oideachais agus Oiliúna le freagracht d'oideachas agus d'oiliúint, obair ógra agus réimse feidhmeanna reachtúla eile. Déanann na Boird Oideachais agus Oiliúna na Pobalscoileanna Náisiúnta, na hIar-Bhunscoileanna, na coláistí Breisoideachais agus réimse ionaid breisoideachais a chuireann clár oideachais agus oiliúna ar fáil a bhainistiú agus a reáchtáil. Tá príomhpháirt ag na Boird Oideachais agus Oiliúna go náisiúnta i mbainistiú na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil Music Generation.

Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil (LMEP)

Is grúpaí de shaineolaithe áitiúla, daoine aonaracha agus eagraíochtaí iad na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil a threoraíonn agus a chuireann chun cinn forbairt an chláir Music Generation ina gceantair laistigh den chreat náisiúnta foriomlán. Tá gach LMEP faoi stiúir Údarás Áitiúil nó Bord Oideachais agus Oiliúna.

Oifigeach Forbartha Ceoil (OFC)

Déanann na hOifigigh Forbartha Ceoil forbairt ar na cláir oideachais taibhithe ceoil do na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil a stiúradh agus déanann siad maoirseacht orthu agus téann siad i ngleic leis na riachtanais agus na deiseanna sonracha atá ina bpobail áitiúla.

An Oifig Forbartha Náisiúnta (OFN)

Feidhmíonn Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation chun misean Music Generation a chur i gcrích trí thacú le córas náisiúnta i ndáil le cleachtadh oideachais ceoil taibhithe a sholáthar trí chomhpháirtíochtaí idir an Rialtas, Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil agus daonchairdeas.

Oideachas ceoil taibhithe

Díríonn Music Generation ar oideachas ceoil taibhithe a chur ar fáil - sin foghlaim sna réimsí gutha agus uirlise i ngach seánra agus i ngach stíl cheoil. Tá gach cur chuige agus cleachtas oideolaíoch atá oiriúnach do chultúr agus do thraidisiún an cheoil san áireamh anseo agus tá sé curtha ar fáil ag Oideoirí Ceoil gairmiúla.

Tá aitheantas tugtha ag an Roinn Oideachais don Oideachas ceoil taibhithe mar oideachas ceoil neamh-phríomhshrutha. Cuireann oideachas ceoil taibhithe le soláthar an churaclaim ceoil príomhshrutha faoin gcóras foirmiúil oideachais agus saibhríonn é, agus ní thagann sé ina áit.

Oiliúint i mBainistiú Oideachais Ceoil Taibhithe (BOCT)

Is tionscnamh FGL é an clár oiliúna BOCT a bhíonn ar siúl ar feadh na bliana acadúla ar fad. Tugann an clár seo cabhair d'Oifigigh Forbartha Ceoil foghlaim agus fás mar bhainisteoirí oideachais ceoil taibhithe, agus cuireann sé seo ar a gcumas a gclár LMEP a fhorbairt go straitéiseach. I measc na n-ábhar a chlúdaítear tá planáil straitéiseach, forbairt foirne, ceannaireacht éifeachtach agus éagsúlacht in oideachas ceoil taibhithe.

An tAonad Cáilíochta, Tacaíochta agus Forbartha (CTF)

Déanann an tAonad Cáilíochta, Tacaíochta agus Forbartha na feidhmeanna Caighdeáin, Tacaíochta agus Forbartha atá ag Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation a stiúradh, a fhorbairt agus a sheachadadh. Tacaíonn CTF le gréasán náisiúnta Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil Music Generation ag cothú cultúr feabhais leanúnach, sa chaoi agus go mbeidh an caighdeán taithí agus torthaí is fearr ag páistí agus ag daoine óga.



Focal ón gCathaoirleach

Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil Music Generation do 2021

Thug Music Generation aghaidh ar bhliain dhúshlánach eile ag seachadadh oideachas ceoil taibhithe do leanaí agus do dhaoine óga sa dara bliain den phaindéim. In ainneoin na ndúshlán, agus a bhuíochas do nuálaíocht, solúbthacht agus acmhainneacht as cuimse, bhaineamar go leor amach in 2021.

Lean Music Generation ag soláthar deiseanna fóirúla rannpháirtíochta, thapaigh siad gach deis chun gníomhaíochtaí agus taibhithe ceoil beo a chur ar fáil go sábháilte, agus lean siad ag cur leis an oideachas fairsing ceoil taibhithe atá ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn. Tharla seo ar fad i rith tréimhse ina raibh déanamh ceoil agus ag teacht le chéile, agus deis le bheith cruthaitheach, iad féin a chur in iúl agus eispéiris trasfhoirmithe a bheith acu, fóirthábhachtach do leanaí agus do dhaoine óga a raibh tionchar mór ag srianta Covid-19 orthu.

Tháinig ár Straitéis 2016-2021 chun críche in 2021 chomh maith agus bhí leathnú amach an Chláir Music Generation go náisiúnta i measc bhuaicphointí na tréimhse seo. Tá an eagraíocht ag breathnú chun cinn anois ar na cúig bliana amach romhainn agus le leanúint le fás agus le forbairt straitéiseach.

Bhain Music Generation tairbhe as an tacaíocht bhuanseasmhach óna chomhpháirtithe dile agus a dtiomantas leanúnach dár misean. Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghlacadh le U2, le Cisté na hÉireann, le Bank of America, leis an Roinn Oideachais, le Music Network, leis an gComhairle Ealaíon agus le Líonra na gComhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil, a bhfuil ról lárnach ag na Boird Oideachais agus Oiliúna agus ag na hÚdaráis Áitiúla iontu, agus a mbímid ag obair go dlúth lenár sprioc chomhroinnte a bhaint amach. Gan a spéis, a gcreidiúint agus a dtiomantas do Music Generation ní bheadh an eagraíocht ábalta an togra seo a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga.

Ba mhaith liom buíochas pearsanta a ghabháil le comhaltaí Boird Music Generation as an obair chrua a dhéanann siad agus as a dtacaíocht ar feadh na bliana. Go háirithe, ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le David Leahy, ar tháinig deireadh lena thréimhse ar an mBord in 2021.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Stiúrthóir Náisiúnta agus don fhoireann as a ndíograis, a bhfuinneamh agus a ndíocas leanúnach i seachadadh mhisean Music Generation. Is iontach an méid atá daoine tiomanta ábalta a bhaint amach chun saol daoine óga a athrú trí cheol..

Leo Blennerhassett

CATHAOIRLEACH

Réamhrá an Stiúrthóra

Lean an cumas a bhí ag Music Generation a bheith ag athrú agus ag freagairt go tapa ina shaintréith ar bhliain eile nuair, in éineacht lena gcomhpháirtithe, a choinnigh Music Generation ag dul i ngleic le dúshlán na paindéime. I rith na bliana d'oibrigh Music Generation le, agus trí, chomhpháirtithe áitiúla chun deiseanna a aithint agus ár misean a sheachadadh agus freagairt do riachtanais leanaí agus daoine óga ar fud na hÉireann.

In ainneoin na srianta, bhí go leor ócáidí speisialta againn in 2021: an taibhiú fhíorúil iontach le fliúiteadóirí óga Music Generation inár ghlac Sir James agus Lady Jeanne Galway páirt; amhránaithe agus rapálaithe óga ó Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas ag taibhiú a saothair bhunaidh ag ócáid *Child Talks* a bhí ar bun in Oifig an Ombudsman do Leanaí; leanaí agus daoine óga ó Music Generation Laoise lena dtaibhiú de *The Impossible Dream*; agus ócáidí foghlama inspioráideacha le Pobail Chleachtais a bhí faoi stiúir ceoltóirí.

In 2021 bhí sé deich mbliana ó bhí an seoladh oifigiúil againn in 2011 agus tháinig ár bPlean Straitéiseach 2016 - 2021 chun críche an bhliain seo freisin. Baineadh go leor amach i rith na tréimhse deich mbliana seo agus muid ag leanúint de straitéis chaighdeán, inbhuanaitheacht agus fáis. Trí chomhpháirtíocht láidir - idir dhaonchairdeas, rialtas lánach, Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil (LMEPanna) agus an Oifig Forbartha Náisiúnta Music Generation (OFN) - bhunaíomar struchtúr náisiúnta do sholáthar oideachas ceoil taibhithe áitiúil le chéile. Tá an gné nua agus ríthábhachtach seo i saol oideachais an cheoil in Éirinn mar oidhreacht chumhachtach ar an deich mbliana sin, agus tá

deiseanna ceoil gan fasach tugtha aige do na mílte leanbh agus duine óg in Éirinn. Is comhghnóthachtáil a bhí ann freisin ina raibh ról chriticiúla ag iliomad comhpháirtithe tiomanta agus a bhfuilimid fíorbhuíoch díobh. Táimid ag súil go mór leis an ngarspíoc seo a cheiliúradh lenár gcomhpháirtithe uile amach anseo agus taibhithe beo ar ais arís tar éis na paindéime

Is in 2021 freisin a rinne Music Generation breithniú ar a n-oidhreacht deich mbliana agus ar céard a bhí bainte amach tar éis deich mbliana ag fás. Tógadh go leor ama in 2021 le machnamh a dhéanamh, le pleanáil chun cinn agus le plean straitéiseach nua 2022 – 2026 Music Generation a ullmhú: *Ag Athrú Saolta Daoine Óga Trí Cheol*

Táimid ag súil go mór leis an gcéad chéim forbartha spreagúil eile de Music Generation thar thréimhse an phlean seo agus ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do na páirtithe leasmhara ar fad as a rannpháirtíocht sa phróiseas seo.

Rosaleen Molloy
STIÚRTHÓIR NÁISIÚNTA



Music Generation

Is é Music Generation Clár Oideachais Ceoil Náisiúnta na hÉireann, a chuireann athrú ó bhonn ar shaol leanaí agus daoine óga trí rochtain a thabhairt dóibh ar oideachas ceoil ar ardchaighdeán ina gceantair áitiúla. Tá Music Generation, a thionscain Music Network, á chómhaoiniú ag U2, ag Cistí na hÉireann, ag an Roinn Oideachais agus ag na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil.





Fís

“Tá an méid atáimid ag iarraidh a bhaint amach thar a bheith simplí. Teastaíonn uainn a chinntiú go mbíonn rochtain ag cách, beag beann ar a gcúlra, ar theagasc ceoil. Is é sin an smaoineamh.”


Bono, U2

Misean

→ Trí rochtain chuig oideachas ceoil ar ardchaighdeán, athrú ó bhonn a chur ar shaol leanaí agus daoine óga, ag cur ar a gcumas a gcruthaitheacht a fhorbairt, a lánacmhainneacht a shroicheadh, féin-fhás a bhaint amach agus cur lena bhforbairt phearsanta, laistigh de phobal ceoil atá bríomhar..

[Plean Straitéiseach Music Generation, 2016 - 2021](#) →

An Bhliain 2021 i bPictiúir





Spriocanna Straitéiseacha

Fás


Is iad na spriocanna atá ag OFN Music Generation ná cur leis na deiseanna oideachais ceoil taibhithe do leanaí agus do dhaoine óga lena n-áirítear:

- Leathnú amach chuig níos mó ceantair ar fud na tíre
- Fás a chothú i dtéarmaí dhoimhne an tsoláthair leis na LMEPanna atá ann cheana féin a bunaíodh i gCéim 1, go háirithe maidir le
 - héagsúlacht cleachtas i measc ceoltóirí ar fud an speictrim oideachais ceoil taibhithe;
 - fás, dul chun cinn agus neamhspleáchas ceoil leanaí/daoine óga ar fud cláir, seánraí ceoil agus comhthéacsanna éagsúla.

Tugtar breac chuntas breise ar ghnéithe fáis eile, ar nós an bhéim ar fhorbairt tionscnaimh comhoibríthe, agus deiseanna foghlama agus líonraithe sa mhír Cáilíochta (féach an Ciste Cruthaitheachta agus Comhoibríoch, agus Oiliúint FGL agus Gréasáin do ghníomhaíochtaí foirne Music Generation).

Leathnú amach chuig níos mó ceantair ar fud na tíre

Lean Music Generation ag fás agus ag leathnú amach in 2021, le hOifig Forbartha Ceoil (OFCanna) earcaithe i gCathair Bhaile Átha Cliath, Fine Gall agus Contae Luimnigh. Cé go bhfuil cláir Fhine Gall agus Chontae Luimnigh fós ag an gcéad chéim forbartha, thosaigh Cathair Bhaile Átha Cliath cláir thrialacha ag deireadh 2021, leis an aidhm an fhoghlaim uathu sin a úsáid chun cláir oideachais ceoil taibhithe a thairiscint ó 2022 ar aghaidh. Thosaigh an próiseas ullmhúcháin do Chontae Chorcaí ag deireadh 2021 chomh maith agus táthar ag súil le hOFC a earcú in 2022.



Contaetha/Cathracha a bhfuil Comhpháirtíocht Áitiúil Oideachais Ceoil acu

Éagsúlacht cleachtas, clár agus comhthéacsanna


Thuairiscigh LMEPanna Music Generation gur bhain siad úsáid as 890 ionad ar leith do ghníomhaíochtaí cláir in 2021, sin méadú 24% ar 2020. Ní hamháin gur léirigh an fás seo cláir nua ag tosú ach léirigh sé go raibh daoine ag fillleadh ar chláir freisin in ionaid a bhí suite i bhfoirgnimh. Oibríonn Music Generation i gcomhthéacsanna éagsúla, ina measc;

- suíomhanna iarscoile i dtimpeallachtaí bunscoile agus iar-bhunscoile;
- timpeallachtaí scoile oideachais speisialta;
- ionaid ealaíon agus spásanna poiblí;
- ionaid soláthair dhíriú; agus,
- ionaid pobail agus óige.

Cuireadh líon beag cláir ghníomhaíochta do leanaí agus do dhaoine óga ar fáil i spásanna idirghlúine ar nós ionaid altranais pobail agus Seideanna na bhFear fiú.

Feidhmíonn cláir i réimse leathan seánraí, ag tairiscint éagsúlacht leathan dhírithe ar uirlisí, ar ghuth agus ar theicneolaíochtaí.

Lean líon rannpháirtithe na gclár ag méadú agus tá tuilleadh sonraí ar rannpháirtíocht leagtha amach i nGníomhaíochtaí agus Torthaí.



Inbhuanaitheacht

B'iad spriocanna Music Generation faoin bpiléar Inbhuanaitheachta ná

- Leanúint, trí chomhpháirtíocht, le forbairt, le neartú agus le cothabháil a dhéanamh ar an mbonneagar d'oideachas ceoil taibhithe.
 - Oibriú le Ranna Rialtais agus LMEPanna ábhartha chun freastal ar riachtanas Music Generation maidir le foireann oibre a bheith ann ag a bhfuil na scileanna cuí thar réimse ról ealaíonta/bainistíochta, ceoltóra, agus riaracháin/tacaíochta chun forbairt don todhchaí a choinneáil.
 - Oibriú le Daonchaire, leis an Rialtas agus le LMEPanna, trí chomhpháirtíocht phoiblí-phríobháideach, chun leanúint le sruthanna maoinithe inbhuanaithe fadtéarmacha a dhaingniú.
 - Oibriú go héifeachtach le LMEPanna nua agus le LMEPanna atá ann cheana trí fhreagairt go straitéiseach ar bhealach comhordaithe d'fhorbairt fhadtéarmach agus do riachtanais inbhuanaitheachta.
- Tacaíocht a thabhairt d'fhiúntas an oideachais cheoil thaibhithe i saol leanaí/daoine óga trí rannpháirtíocht éifeachtach leis na príomhpháirtithe leasmhara agus le sprioclucht éisteachta/féachana.
 - Feasacht an phobail ar an tionchar atá ag Music Generation a mhéadú.
 - Obair na LMEPanna a mhéadú agus a chur chun cinn.

Ag Forbairt Phlean Straitéiseach 2022-2026 nua

In 2021 chuir an Bord agus foireann OFN Music Generation go leor ama isteach i bhforbairt phlean straitéiseach don eagraíocht do na cúig bliana amach romhainn. Bhí rannpháirteachas mion le páirtithe leasmhara, aiseolas agus bailiú eolais ar bun le réimse leathan comhpháirtithe lena n-áirítear na Boird Oideachais agus Oilíuna (BOO) agus Comhpháirtithe Ceannaireachta sna hÚdaráis Áitiúla, OFC, Riarthóirí, Oibríthe Acmhainne, Oideoirí Ceoltóirí, comhaltaí LMEPanna, foirne OFN, agus páirtithe leasmhara institiúideacha. Chuir na léargais a tháinig as an bpróiseas seo leis an Dréachtphlean Straitéiseach a bheith réidh ag deireadh 2021, agus réidh don rannpháirteachas deiridh le páirtithe leasmhara ag tús 2022.

Ag obair lenár gcomhpháirtithe agus lenár ndeontóirí

I dtéarmaí comhpháirtíochta, lean an tOFN ag forbairt ár gcomhpháirtíochtaí le U2, Cistí na hÉireann, Bank of America, An Chomhairle Ealaíon, agus an Roinn Oideachais trí thuairisciú, cumarsáid, comhlíonadh agus cloí le téarmaí an mhaoinithe. Ghlac leanaí agus daoine óga páirt i gcúpla taibhiú dá gcomhpháirtithe trí dheiseanna le hAmbasadóirí Óga Music Generation. Is féidir tuilleadh a léamh faoi sin anseo.

Mar chuid dá gcomhpháirtíocht leanúnach leis an Bank of America, ghlac an OFN páirt i gClár Malartú Scileanna de chuid Bank of America. Cruthaíonn an clár seo nasc idir carthanachtaí agus na scileanna agus an taithí atá ag fostaithe de chuid Bank of America agus a d'fhéadfadh a bheith ina bhuntáiste do charthanachtaí chun a gcuid cuspóirí a bhaint amach. Tá Music Generation buíoch do Bank of America as ucht iad a chur san áireamh ar an gclár seo in 2021 agus as a gcuid saineolais agus eolas a bhí an-tairbhíúil don eagraíocht.

D'oibrigh Music Generation le Grúpa Stiúrtha Stiúrtóireachta BOO - Music Generation chun struchtúir rialachais na LMEPanna a chur ar bhonn foirmiúil. Cuireadh Cruinnithe Athbhreithnithe Bliantúla le 22 LMEPanna i gcrích freisin.

Chuireamar an Leathnú Náisiúnta chun cinn trí Éire Ildánach/Óige Ildánach (tuilleadh sonraí faoi seo ar [leathanach 12](#)).

Éifeachtúlacht laistigh den Oifig Forbartha Náisiúnta

In 2021, thug an OFN faoi fheabhas a chur ar phróisis mhonatóireachta ar éifeachtacht ama agus acmhainní, ar thuairisciú agus ar fhreagracht airgeadais. Bunaíodh grúpa oibre lárnach le measúnú a dhéanamh ar na córais reatha agus feabhsaithe a mholadh. As seo tháinig:

- Feabhas ar eolas a roinnt leis an bhfoireann inmheánach;
- Obair chomhoibríoch ar thuairisciú riachtanach;
- Athbhreithniú ar phróiseas doiciméadaithe an Chiste Cruthaitheachta agus Chomhoibríoch (CCC);
- Cur i bhfeidhm an MS Planner chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht phlean straitéiseach an OFN do 2021;
- Feabhas ar phróisis soláthair;
- Ag cur doiciméadú maidir le gnáthaimh airgeadais ar fáil, agus,
- Athbhreithniú ar theimpléid tuairiscithe LMEPanna Music Generation agus athruithe dá réir.

Tacaíocht a thabhairt d'fhiúntas an oideachais ceoil thaibhithe i saol leanaí/daoine óga trí rannpháirtíocht éifeachtach leis na príomhpháirtithe leasmhara agus le spriocluacht éisteachta/féachana

Lean feidhm Chumarsáide an OFN ag ardú fheasacht an phobail ar obair Music Generation in 2021. Bhí roinnt feachtais agus promóisin shonracha san áireamh anseo.

Ag Leanúint ag Seinm le linn na Paidéime le Music Generation

Feachtas Caidrimh Phoiblí

Bhí feachtas caidrimh phoiblí spriocdhírthe ar bun ó Aibreán go Meitheamh 2021 inar cuireadh an tionchar dearfach a bhí ag iarrachtaí Music Generation ar fholláine leanaí agus daoine óga i rith na paidéime i láthair, am a raibh srianta leanúnacha an Rialtais ag cruthú dúshláin. Tharraing an feachtas aird ar ghníomhaíochtaí laistigh de thrí LMEP Music Generation: Music Generation Ros Comáin; An Longfort; agus Baile Átha Cliath Theas. Dhírigh sé ar na hiarrachtaí a rinne foireann Music Generation lena chinntiú go bhféadfadh leanaí agus daoine óga rochtain a bheith acu ar cheol trí mhodhanna fíorúla.

Bhí togra de chuid Music Generation an Longfoirt i gcomhpháirtíocht le Seirbhís Óige an Longfoirt, a d'oibrigh le seacht nduine déag de dhéagóirí Romacha a bhí i Soláthar Díreach, le feiceáil sa bhfeachtas.

“Tá sé iontach. Choinnigh sé ag imeacht muid tríd an dianghlasáil. Bhí na múinteoirí fíorchairdiúil. Is é an giotár an uirlis cheart domsa cinnte, is breá liom é. Is breá liom an ceol atáimid a fhoghlaim freisin. Tá mé ag súil le bheith ag seinm le ceoltóirí eile i Music Generation nuair a bheidh an dianghlasáil thart i ndáiríre.”

Shane, Ceoltóir Óg Music Generation Ros Comáin

Thosaigh an feachtas le hócáid lainseála i Mainistir na Búille, Co. Ros Comáin, agus san áireamh bhí fótaisheisiún le ceoltóirí óga áitiúla, preasráiteas náisiúnta chuig na meáin náisiúnta agus na meáin áitiúla i Ros Comáin, an Longfort agus Baile Átha Cliath Theas chomh maith le feachtas tacaíochta digiteach. Léigh tuilleadh faoin bhfeachtas [anseo](#).

Seo a leanas cuid den chlúdach a fuair an feachtas sna meáin:

The Irish Times, 3ú Iúil 2021: ‘Creidimid gur ceist cearta bunúsacha an linbh é rochtain ar cheol.’



[Léigh Ar Líne](#) →

Roscommon People, 27 Bealtaine 2021: ‘Leanann Music Generation Ros Comáin ag seinm!’



[Léigh Ar Líne](#) →

RTÉ Culture, 03 Meitheamh 2021: ‘Music Generation – Ag Leanúint ag Seinm Tríd an Phaindéim’



[Léigh Ar Líne](#) →

Feachtas Digiteach

Bhí feachtas digiteach ar bun i mí Bealtaine 2021 chun an chaoi ar choinnigh Music Generation an ceol beo do leanaí agus do dhaoine óga ag am a bhí thar a bheith deacair a léiriú. Bhí sé mar aidhm aige glór leanaí agus daoine óga sna meáin a chumasú agus aird a dhíriú ar an gcruthaitheacht áitiúil i gcoinneáil gníomhaíochtaí ceoil ar líne ag imeacht. Bhí sé mar aidhm aige freisin an díospóireacht náisiúnta ar thionchar shrianta Covid-19 ar dhaoine óga a cheangal go tuisceanach le teachtaireacht fhoriomlán maidir le hacmhainneacht an duine. I measc na ndaoine a raibh sé dírithe orthu bhí príomhpháirtithe leasmhara ar nós deontóirí, an Rialtas, tuismitheoirí, leanaí agus daoine óga, agus ceoltóirí.

Cá Bhfuil Siad Anois?

Thosaigh Music Generation a bhfeachtas digiteach uile-chainéil leanúnach i mí Dheireadh Fómhair 2021 ag díriú ar scéalta alumni ar fud na tíre, an taithí a bhí acu le Music Generation agus céard a chiallaíonn an ceol dóibh fós inniu. Leanann Music Generation ag cur lena ngréasán alumni agus leanfaidh siad leis an tsraith in 2022.

Roinn alumni ó Music Generation Mhaigh Eo ‘Nerves’ a dtaithí anseo:



“Bhuail muid le go leor daoine óga a bhí i mbannaí cosúil linn féin nuair a cheap mé roimhe sin go raibh aimhrialtacht ag baint linn a bheith ag déanamh céard a bhímid a dhéanamh amuigh faoin tuath i Maigh Eo, agus mar gheall air sin chas muid ag go leor gigeanna dá bharr agus rinneamar go leor cairde maithe a bhfuilimid fós ag obair go dlúth leo go dtí an lá atá inniu ann.”

Kyle Thornton, Nerves, Alumni of The Core Music Generation Mhaigh Eo

Ag Tarraingt Aird ar Ghníomhaíochtaí na LMEPannas

Cuireann OFN Music Generation na gníomhaíochtaí agus na himeachtaí a bhíonn ag na LMEPanna chun cinn ag leibhéal náisiúnta trí nuachtlitreacha míosúla a chur amach, cur chun cinn imeachtaí, gníomhaíochtaí meán sóisialta agus trí dheiseanna a chruthú do chlúdach náisiúnta sna meáin.

Mar shampla, d'oibrigh OFN Music Generation le RTÉ Raidió 1 le hagallamh a chur ar rannpháirtithe óga i dtionscadal Idirghlúine Music Generation Phort Láirge. Craoladh an t-agallamh agus an taibhiú ar eipeasóid Santa le Derek Mooney ar Oíche Nollag 2021. Éist Anseo.

Leanann an OFN ag cur barrfheabhais ar chainéil dhigiteacha le cur le hinsint an scéil agus le rannpháirtíocht an lucht féachana/éisteachta. Ó 2020 tá ardú 37% tagtha ar líon úsáideoirí musicgeneration.ie agus tá an lucht féachana/éisteachta ag méadú ar fud na gcainéal meán sóisialta ar fad.

Chumasaigh na cumarsáidí glórtha leanaí agus daoine fásta freisin, ag cur gníomh le habhcóideacht leanaí agus daoine óga d'oidreachas ceoil taibhithe.

Lainseáil Ceirnín Leathfhada (EP) SubSounds agus An Spotsolas Ar...

Thosaigh OFN Music Generation feachtas speisialaithe chun spás a chruthú inár féidir le rannpháirtithe óga ó cheantair Music Generation ar fud na tíre a nglór agus a dtaithí a roinnt go díreach le lucht féachana/éisteachta Music Generation. Sa chéad fheachtas An Spotsolas Ar...bhí 12 rannpháirtithe óga SubSounds ó Music Generation Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin agus Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas. Tháinig rannpháirtithe an chláir le chéile chun ceol nua a scríobh, a léiriú, a thaifeadh agus a sheinm le haghaidh ceirnín leathfhada cúig thraic. Is comhghrúpa ceoil daoine óga iad SubSounds a bhfuil sé d'aidhm acu daoine óga a chumasú chun a scileanna cruthaitheachta, ceoltóireachta agus cumadóireachta a fhorbairt trí mheantóireacht agus trí chomhoibriú.

D'fhorbair na ceoltóirí óga an ceirnín leathfhada le linn chlár Samhradh 2021 SubSounds agus seoladh é ag taibhiú beo fíorúil den chéad uair ar an Oíche Chultúir i mí Meán Fómhair 2021. Trí bheith ag déanamh ceoil bhí na daoine óga páirteach i gcomhoibriú, ag obair mar fhoireann, ag réiteach fadhbanna, ag cumadóireacht, ag taifeadh, ag léiriú, ag eagarthóireacht, ag scannánaíocht, ag cur i láthair agus ag taibhiú.

Chomh maith leis an seoladh féin a óstáil, chomhoibrigh na ceoltóirí óga le OFN Music Generation chun ár bhfeachtas ‘An Spotsolas Ar...’ a óstáil, agus chruthaigh siad ábhar do na meáin shóisialta iad féin chun poiblíocht a thabhairt dá n-imeacht. Ghlac na rannpháirtithe óga ceannródaíocht ar gach gné d’ábhar a chruthú agus bhain siad úsáid as cainéil an OFN chun a gcuid taithí a thaispeáint do lucht féachana/éisteachta náisiúnta.

Bhí cruthú físeáin gearrfhoirme a bhí léirithe ag cúigear ceoltóir óg agus a Meantóir, Ciara Dalton, san áireamh sa bhfeachtas, agus chruthaigh siad seo móiminteam ar fud Facebook, Twitter agus Instagram roimh an ócáid féin. Bhreathnaigh 1,769 ina iomláine ar an bhfíseán a bhí mar chuid d’fheachtas ‘glacadh seilbhe’ na rannpháirtithe agus bhain sé amach ráta ard rannpháirtíochta de 6%.

Féach seoladh cheirnín leathfhada SubSounds [anseo](#) nó léigh tuilleadh faoina dtaithe [anseo](#).

“Bhí go leor spraoi ag baint leis ach i bhfad níos mó ná díreach ag déanamh ceoil. Faigheann tú ar aghaidh go maith leis na daoine seo agus foghlaimíonn tú an oiread faoi céard a thaitníonn le daoine eile agus osclaíonn sé d’intinn do chineálacha eile ceoil. Faigheann tú aithne ort féin mar cheoltóir.”

Jay, Ceoltóir SubSounds Music Generation Baile Átha Cliath Theas

Cáilíocht

Ba é an sprioc a bhí ag Music Generation faoin gcolún Cáilíochta ná oibriú le gach comhpháirtí laistigh de na LMEPanna chun an cháilíocht taithí is airde in oideachas ceoil taibhithe do leanaí/daoine óga a bhaint amach.

I rith 2021, d’oibrigh an tAonad Cáilíochta, Tacaíochta agus Forbartha (CTF) laistigh den OFN ar fud na LMEPanna ar fad (le cláir). I measc na dtosaíochtaí oibre bhí:

- An leibhéal cuí dúshlán agus tacaíochtae chur ar fáil do na OFC i ngach ceantar;
- Ag spreagadh uailmhianta agus barr feabhais in oideachas ceoil taibhithe agus ag comhlíonadh thionscadail CCC go náisiúnta, go réigiúnach agus go háitiúil faoi réir na srianta Covid-19;
- Ag leabú Creat Cáilíochta Music Generation isteach i dtimthriall oibre bliantúil gach ceantar LMEP;
- Ag leanúint le forbairt Pobail Chleachtas d’Oideoirí Ceoltóirí chun eolas agus dea-chleachtas a roinnt;
- Forbairt ghairmiúil leanúnach agus deiseanna oiliúna ábhartha a chruthú do chomhghleacaithe ar fud réimse leathan topaicí; OFC, Riarthóirí, Oibríthe Acmhainne agus Oideoirí Ceoltóirí san áireamh; agus,
- Gréasáin OFC réigiúnacha a thabhairt le chéile le béim ar mhodhanna comhfhoghlama agus réiteach fadhbanna.



Creat Cáilíochta

Rinneadh forbairt ar an gCreat Cáilíochta ó Aibreán 2018 go dtí Meitheamh 2019 i gcomhar leis an OFN agus na OFC le tacaíocht ón Roinn Oideachais. Bhí tagairt don dea-chleachtas reatha i réimse an smaointeoireacht cáilíochta don oideachas ealaíon agus an cheoil mar bhonn taca leis an bpróiseas.

Is é atá mar chuspóir le Creat Cáilíochta Music Generation ná go mbeidh an deis is fearr agus an seachadadh is fearr á chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga atá páirteach i Music Generation ar fud seánraí, comhthéacsanna agus ceantair gheografacha.

Tá próiseas Creat Cáilíochta Music Generation á stiúradh ag OFC. Gach bliain roghnaíonn na OFC idir 1 agus 3 réimse den chlár chun athbhreithniú a dhéanamh orthu. D'fhéadfadh athbhreithniú maireachtáil ó chúpla seachtain go bliain acadúil iomlán, ag brath ar chastacht na réimse atá faoi athbhreithniú. Tá iniúchadh ar cháilíocht an chlár i gceist leis an bpróiseas freisin trí:

- phlé a dhéanamh maidir leis na paraiméadair chúil le breathnú ar an gclár tríothu;
- ráitis cháilíochta agus tuairisceoirí cáilíochta a scríobh do na paraiméadair seo;
- cinneadh a dhéanamh ar an bhfianaise a theastaíonn chun na paraiméadair seo a scrúdú;
- athbhreithniú a dhéanamh ar an bhfianaise; agus ar deireadh,
- pleananna gníomhaíochta a fhorbairt le cur le caighdeán an chlár ag dul chun cinn.

D'oibrigh an tAonad Cáilíochta, Tacaíochta agus Forbartha (CTF) le gach LMEP (le cláir) chun athbhreithniú gearr agus fada a éascú trí úsáid a bhaint as an tSraith Straitéisí Creat Cáilíochta. Cuireadh 27 Athbhreithniú Cáilíochta i gcrích in 2021 ar fud 21 LMEPanna. Ar an drochuair, bhí ar 6 LMEP eile athbhreithnithe pleanáilte a chur siar de bharr shrianta na paidéime agus na dúshláin a chothaigh siad seo i mbailiú fianaise agus sonraí cáilíochta, agus/nó athraithe i bhfoirne oibre.

Ceann de na rudaí is fearr a tháinig as an bpróiseas Creat Cáilíochta ná an deis a thug an creat do pháirtithe leasmhara (Oideoirí Ceoltóirí, OFC, agus comhpháirtithe áitiúla san áireamh) d'ospóireachtaí luachmhara agus spéisiúla a bheith acu faoi chleachtas. Agus na LMEPanna ag leanúint le cur i bhfeidhm na bpleananna gníomhaíochta a tháinig as an bpróiseas, déanfar cleachtais cháilíochta a leabú níos doimhne sna cláir agus sna timthriallta oibre.

Ciste Cruthaitheachta agus Comhoibríoch

Tacaíonn Ciste Cruthaitheachta agus Comhoibríoch Music Generation le tionscadail náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla a chuireann deiseanna ar fáil do pháistí, daoine óga agus ceoltóirí gairmiúla teacht le chéile agus ceol a dhéanamh. Bhí cúig thionscadal CCC maoinithe agus tosaithe in 2021 ar fud cúig LMEPanna (sonraithe thíos). Thosaigh roinnt tionscadal a bhí maoinithe roimhe sin, ach ar cuireadh moill orthu de bharr Covid-19, in athuair in 2021 nuair a cuireadh maolú ar shrianta.



Music Generation an Chláir – Consairtín (ICO)

Is é an consairtín ceann de na huirlisí ceoil is mó bhfuil a bhfuil éileamh air i gceol Gaelach agus is é an ceann is mó é a bhfuil tóir air i gclár gníomhaíochtaí Music Generation an Chláir. Tá ceangal ag Contae an Chláir leis an gconsairtín le fada an lá agus tagann cuid de na seinnteoirí is mó a bhfuil aithne orthu as an réigiún sin. Beidh Music Generation an Chláir leabaithe i gcur chun cinn na huirlise don toadhchá ag tabhairt deis do leanaí agus do dhaoine óga idir 10-18 mbliana ábhar nua dúshlánach a fhoghlaim agus a sheinn. Tá sé mar uaimhian ag Music Generation an Chláir an deis a thapú maidir leis an tóir atá ar an gconsairtín sa chontae agus a bheith mar lárionad barr feabhais sa réimse seo.

In 2021, chuir ceoltóirí óga consairtín lena gcuid scileanna ceoil trí dhiancheardlanna seachtainiúla. Rinneadh an cumadóir, an teagascóir agus an t-oideoir aitheanta, an Dr. Tim Collins, a choimisiúnú chun sraith ceoil a scríobh agus a chur in eagar, mar aon le ZoDoMo (Zoë Conway, Dónal Lunny agus Máirtín O'Connor), agus a chuir na leanaí agus na daoine óga i láthair ag Glór, in Inis agus ag an bhféile Consairtín araon i mí Bealtaine 2022. Rinneadh aistear na ceolfhoirne a thairgeadh ón gcéad chruinniú riamh den bhliain go dtí an taibhiú deiridh i mí Bealtaine 2022 trí ghearrscannán faisnéise a léiríonn na gníomhaíochtaí ar fad a bhí ar bun.

Music Generation Chathair Luimnigh — Limerick Voices

Is clár taibhithe agus cumadóireachta do dhéagóirí é Limerick Voices a bunaíodh in 2014. Déanann na rannpháirtithe a ngutha ealaíonta a fhorbairt thar thréimhse ama trí chomhoibriú agus trí chruthú lena chéile. Ó 2020, d'fhorbair taca ar líne freisin, a bhaineann úsáid as Soundtrap mar a bhonn príomha. Chumasaigh sé seo deiseanna níos leithne do chomhoibrithe agus do léiriú mothúchán le daoine óga ar fud na hÉireann agus go hidirnáisiúnta.

Tá amhránaithe/cumadóirí, léiritheoirí, rapálaithe, bannaí agus comharghrúpaí aonair san áireamh sa chlár. Tá roinnt ealaíontóirí atá aitheanta go náisiúnta tagtha as an gclár seo. Ina measc tá Powpig, Strange Boy Nature, Hazey Haze, Willzee agus Laura Duff. Toradh eile a bhí ar an tionscadal ná gur cruthaíodh dhá albam 'téip mheasctha' — Limerick Voices Volumes 1 agus 2. Tá an péire le fáil ar na príomhardáin sruthaithe ar fad.

Ag cur leis seo, tá roinnt gníomhaíochtaí curtha i gcrích ag an tionscadal in 2021, agus tá tuilleadh pleanáilte do 2022. I measc na ngníomhaíochtaí do 2021 léiríodh téip mheasctha eile, léiríodh agus cuireadh amach sé phodchraoladh, cuireadh oiliúint ar fáil i dteicnící stiúideo agus leanadh le comhoibriú ceoil tras-ilchríochach le leanaí agus daoine óga i *Slam Out Loud* in India.

Music Generation Laois — Tionól

Bunaíodh Tionól in 2016, mar chuid de phlean LMEP Laoise chun ionad barr feabhais don phíobaireacht agus don chláirseach a fhorbairt sa chontae. Cuireann Tionól iad seo a leanas ar fáil:

- ceardlanna agus deiseanna taibhithe do cheoltóirí óga ó Music Generation ar fud na tíre - ag cruthú deiseanna le forbairt a chur ar a scileanna ceoil agus a scileanna sóisialta.;
- deiseanna comhoibrithe d'Oideoirí Ceoltóirí píobaireachta agus an chláirsigh ó chlár Music Generation go náisiúnta; agus,
- sraith d'aoi cheoltóirí chun múineadh agus seinm gach bliain chun inspioráid a thabhairt dá gceoltóirí óga agus do na hOideoirí Ceoltóirí.

In 2021, chuaigh Tionól i ngleic le srianta Covid-19 agus d'úsáid siad iad seo chun athshamhlú a dhéanamh ar ghnéithe éagsúla bainteach le Tionól. Cuireadh ceardlanna cruthaitheacha ar fáil in LMEPanna Music Generation roimh an Tionól, chomh maith leis an bpríomhimeacht i mí Dheireadh Fómhair. Bhí tionchar níos mó ag an bhfócas níos faide do cheoltóirí óga agus a gcuid Oideoirí Ceoltóirí áitiúla agus iad ag fáil réidh don Tionól roimh ré. Bhain Music Generation Laoise úsáid as cuid de dhul chun cinn teicneolaíochta na paidéime chun an Tionól a

thabhairt ag lucht féachana/éisteachta níos fairsinge. Bhí teaghlaigh ceoltóirí Music Generation ar fud na tíre in ann sásamh a bhaint as beoshruathú de thaibhíú a leanbh.

Music Generation Chathair Chorcaí — Here Comes the Sun

Cuireadh maoiniú ar fáil do Music Generation Chathair Chorcaí mar chuid de phlean téarnaimh ceoil do leanaí agus do dhaoine óga Chathair Chorcaí tar éis na dianghlásála chun sraith cónaitheachta d'ealaíontóirí a chur ar fáil i gcomhpháirtíocht le páirtithe áitiúla, réigiúnacha, agus náisiúnta thar thréimhse 18 mí in 2022/2023. Ag oibriú i dtreo an 10ú bliain de sholáthar oideachais ceoil taibhithe Music Generation Chathair Chorcaí (2022), ba é an mian ná sraith deiseanna a chruthú d'ealaíontóirí cónaitheacha le hoibriú le leanaí, le daoine óga, agus le hOideoirí Ceoltóirí chun saothair ceoil agus comhoibrithe cruthaitheacha a ghiniúint, ag leanúint le forbairt ghairmiúil leanúnach (FGL) trí chleachtas cruthaitheach, agus tionscadail taifeadta agus taibhithe bainteacha.

Thosaigh gníomhaíochtaí chun socrú suas, ar nós ag earcú na foine agus na n-ealaíontóirí riachtanacha, in 2021 agus tá sé pleanáilte na gníomhaíochtaí a thosú in 2022.

Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas — NOISE Music

Trí cheangal le daoine óga idir na haoiseanna 14-18 bliain i seirbhísí óige agus sa chóras iar-bhunscoile, tá NOISE Music ag dul i ngleic le riachtanais daoine óga ar léir go bhfuil siad cruthaitheach agus a bhfuil spéis acu ceol a dhéanamh ar bhealaí nua ar nós modhanna digiteacha/stiúideo-bhunaithe.

Ghlac foireann NOISE Music páirt i ndianfhor-rochtain le daoine óga i sraith ceardlanna a mhair dhá uair an chloig ag 11 suíomh i mBaile Átha Cliath Theas i rith 2021. Aithníodh suíomhanna sonracha i mBaile Átha Cliath Theas mar na réigiúin ba mhó inár theastaigh ó dhaoine óga ceangal, clár ionchuimsitheacha agus deiseanna le teacht le chéile a dhéanamh.

D'oibrigh foireann NOISE Music i gcomhpháirtíocht le hoibrithe óige, na rannóga ceoil in iar-bhunscoileanna agus le Leabharlanna Bhaile Átha Cliath Theas chun 'pointí rochtana' a chruthú do dhaoine óga le casadh le gairmithe a bhí ag obair i seanraí an Rapcheoil, ag DJ'áil, an Focal Labhartha agus an cheoil Leictreonaigh.

Ag obair le seirbhísí pobail riachtanacha ar nós an Peter McVerry Trust i Leamhcán, Aonad Athstíúrtha an Gharda Síochána i mBaile Átha Cliath Theas, Rannóga Pobail laistigh de Chomhairle Chontae Bhaile Átha Cliath Theas agus eagraíochtaí cosúil le I Am Black & Irish, tá fianaise shoiléir bailithe

ag foireann forbartha NOISE Music maidir leis an tionchar atá ag an gclár ar leanaí agus ar dhaoine óga atá leochaileach agus a bhfuil sé deacair iad a shroichint agus ní hamháin go bhfuil torthaí ceoil dearfacha tagtha as, ach go bhfuil feabhas curtha ar chúrsaí sláinte agus ar ionchuimsitheacht shóisialta freisin.

Pobail Cleachtais

Chuir OFN Music Generation tús le Pobail Cleachtais d'Oideoirí Ceoltóirí in 2021, leis an aidhm uailmhian agus barr feabhais in oideachas ceoil taibhithe a spreagadh, chun dea-chleachtas a chumasú, agus chun fóram a chur ar fáil do roinnt eolais faoi stiúir ceoltóirí. Bhí na Pobail Cleachtais leagtha amach chun fóram a thabhairt d'Oideoirí Ceoltóirí chun eolas a roinnt, chun bheith páirteach i gcleachtas machnamhach, agus chun tuilleadh cáilíochta a fhorbairt ina gcuid oideolaíochta agus ina gcuir chuige.

Tugadh ocht bPobal Cleachtas d'Oideoirí Ceoltóirí le chéile sna seánraí/réimsí seo a leanas:

- Práis agus Gaoth
- Téadach Clasaiceach
- Na Luath Bhlianta
- Nuacheol Óige
- Ceol Gaelach Traidisiúnta
- Gutha
- Ionchuimsitheacht
- Ucailéile

Bhí 54 imeacht ar bun in 2021, ar fhreastal 76 Oideoir Ceoltóirí orthu. Cruthaíodh 1,176 uair bhreise d'Oideoirí Ceoltóirí trí fhreastal ar Phobail Cleachtais. Ar dtús, rinne an tAonad CTF na cruinnithe seo a éascú ach don bhliain acadúil 2021/2022, rinneadh ceoltóirí speisialaithe a choimisiúnú chun an próiseas a éascú i gcúig réimse: Práis agus Gaoth, Ionchuimsitheacht, Ucailéile, Ceol Traidisiúnta, agus na Luath Bhlianta. Lean an tAonad CTF ag éascú na bPobal Cleachtais Gutha.

Oiliúint, FGL agus Gréasáin d'Fhoireann LMEP Music Generation

Chomh maith leis na Pobail Chleachtais, rinne an CTF ionchur oiliúna agus forbartha a sheachadadh ar fud trí ghrúpa den Ghréasán Foghlama: Oideoirí Ceoltóirí, OFC agus Oibríthe Riaracháin agus Acmhainne.

Ba é an aidhm bhí leis an oiliúint a cuireadh ar fáil ná feabhas a chur ar cháilíocht cleachtais trí dheiseanna d'ardchaighdeán a chur ar fáil do OFC, Oideoirí Ceoltóirí agus foirne Riaracháin le bheith rannpháirteach i bhforbairt scileanna, oiliúint agus machnamh. Bhí coincheapa agus teanga na Creata Cáilíochta mar bhonn taca d'fhorbairt na n-ionchur oiliúna seo. Bhí na hionchuir oiliúna agus forbartha dírithe ar chumas ceannaireachta a fhorbairt do OFC, cumas cleachtas athmhachnaimh a bhaint amach do na hOideoirí Ceoltóirí, agus scileanna a bhaint amach do na foirne Riaracháin, agus deis a thabhairt do gach grúpa casadh lena gcomhghleacaithe go rialta.

Bhí freastal maith ar na hionchuir oiliúna agus forbartha, le 1,057 duine ag freastal ar 91 imeacht dhifriúil oiliúna agus gréasáin, agus léirigh aiseolas go raibh na rannpháirtithe thar a bheith sásta leis na hionchuir seo.

Oiliúint i mBainistiú Oideachais Ceoil Taibhithe (BOCT)

Is post sáraithe é an post chun bainistiú éifeachtach agus forásach a dhéanamh ar chlár oideachais ceoil taibhithe d'ardchaighdeán. Tugann an clár BOCT cabhair d'Oifigigh Forbartha Ceoil foghlaim agus fás mar bhainisteoirí oideachais ceoil taibhithe, agus cuireann sé seo ar a gcumas a gclár LMEP a fhorbairt go straitéiseach. I measc na n-ábhar a chlúdaítear tá planáil straitéiseach, forbairt foirne, ceannaireacht éifeachtach agus éagsúlacht in oideachas ceoil taibhithe.

I rith 2021, ghlac 18 OFC páirt in oiliúint BOCT. Cuid de na príomhphíosáí aiseolais a tháinig ar ais ná an tábhacht a bhrath na rannpháirtithe a bhain leis an spás agus an t-am a bheith acu le smaoineamh ar cheannaireacht orthu féin agus ar an gclár. D'aontaigh gach duine go mbeadh sé ina bhuntáiste freisin an deis a bheith ann le díriú ar réiteach fadhbanna go praiticiúil i gcásanna fíorshaoil Music Generation.



Sraith Gníomhaíochta Foghlama

Ag teacht as aiseolas maidir le réiteach fadhbanna praiticiúla, bunaíodh Sraith Gníomhaíochta Foghlama i mí Dheireadh Fómhair 2021. Is bealach simplí agus cumhachtach é an tSraith Gníomhaíochta Foghlama do dhaoine le foghlaim óna chéile. Tá an-tóir ar na modhanna seo sa réimse foghlaim ghníomhaíochta. Is próiseas é an fhoghlaim ghníomhaíochta ina n-oibrítear ar dhúshlán atá ann i ndáiríre, ag úsáid an eolais agus na scileanna atá ag grúpa beag daoine in éineacht le ceistiú a bhfuil scil ag baint leis, chun smaointe nua a fháil agus chun léamh eile a fháil ar choincheapa a bhfuil aithne mhaith orthu.

I gcomhthéacs Music Generation, ghlac grúpa beag OFC páirt sa phiarfhoghlaim seo. Gach mí, tháinig an grúpa le chéile le hoibriú ar chásanna ar leith maidir le dúshlán a bhain leis na cláir, leis an mbainistíocht, etc. Thug gach comhalta cás, dúshlán nó fadhb a bhí acu i ndáiríre agus rinne an grúpa cinneadh ina measc féin maidir le cén ceann díbh seo gur mhaith leo díriú air. D'oibrigh an grúpa go machnamhach agus go comhoibríoch chun scrúdú a dhéanamh ar an dúshlán, chun foghlaim a roinnt, chun fabhtcheartú a dhéanamh agus chun réitigh nó cuir chuige don fhadhb a chomhchruthú.

Gréasáin Foghlama agus Imeachtaí Eile

Tháinig Gréasán na Riarthóirí agus na nOibríthe Acmhainne le chéile go rialta in 2021, ag cruthú spás chun eolas a roinnt agus chun ceangal a dhéanamh le comhghleacaithe timpeall na tíre. Sa bhreis air sin, cuireadh oiliúint saincheaptha ar fáil tríd an OFN ar thopaic lena n-áirítear cothabháil uirlisí, bunchúrsa airgeadais, oiliúint ar bhrandáil, agus bailiú sonraí.

Go háitiúil, cuireadh 32 cúrsa oiliúna breise ar fáil do 15 Riarthóir agus Oibrí Acmhainne i réimse topaicí éagsúla lena n-áirítear:

- Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide (TFC);
- Comhionannas, éagsúlacht agus ionchuimsitheacht;
- Cosaint Leanaí; agus
- Bainteach le ceol (e.g. bainistiú/riarachán gnó ceoil, nó oideachas ceoil)


Tháinig Gréasán na OFC le chéile ar dhá bhealach - mar ghréasán náisiúnta iomlán, agus mar ghrúpaí réigiúnacha. Thuairiscigh 70% de LMEPanna Music Generation go raibh oiliúint bhreise curtha ar fáil (nó á dhéanamh) go háitiúil ag na OFC. I measc na dtopaicí oiliúna ba mhó a raibh tóir orthu bhí Cosaint Leanaí, TFC (e.g. úsáid bogearra sonracha), Comhionannas, Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht, agus staidéar pearsanta breise (e.g. ag tríú leibhéal).

Cuireadh réimse deiseanna oiliúna ar fáil go háitiúil d'Oideoirí Ceoltóirí trí na LMEP Music Generation aonair. Sa bhreis ar na Pobail Chleachtais, d'eagraigh an OFN trí sheimineár gréasáin ar shláinte gutha, ar chleachtas athmhachnaimh, agus ar mheabhairshláinte ceoltóirí.

Bhí freastal de 837 duine ar chúrsaí/oiliúint ar chúrsaí oiliúna a bhí eagraithe go háitiúil le haghaidh Oideoirí Ceoltóirí in 2021 agus cuireadh 4,297.5 uair FGL ar fáil d'Oideoirí Ceoltóirí le freastal ar oiliúint, ag léiriú infheistíocht shuntasach áitiúil i mbearta le tacú le cáilíocht.



Topaicí na gCúrsaí Oiliúna
d'Oideoirí Ceoltóirí



Taighde

Rinne an OFN infheistíocht i dtaighde le fócas ar cháilíocht a chur in iúl agus dea-chleachtas a roinnt ar fud éagsúlacht an oideachais ceoil taibhithe. I bhfianaise an leathadh atá tagtha ar sheachadadh ar líne ó thosaigh an phaindéim, bhí iarrachtaí taighde in 2021 dírithe ar fháil amach faoi thaithí leanaí agus daoine óga a bhí páirteach i ngníomhaíochtaí ceoil go cianda, chomh maith le tuiscint a fháil ar an bpoitéinseal don todhchaí d'úsáid na teicneolaíochta agus an phaindéim thart.

Rinneadh dhá shuirbhé le rannpháirtithe na glár (nó a dteaghlaigh) agus le LMEPanna ar fud na tíre. Léirigh siad seo bacainní maidir le teicneolaíocht, mar shampla, rochtain ar leathanbhanda agus ar ghléasanna sásúla. Bhí bacainní teicniúla a bhain go díreach le gníomhaíochtaí ceoil luaite freisin, mar shampla tréimhse folaigh agus deacrachtaí ag cloistéáil ceoltóirí ag seinm mar ghrúpa.

Bhí bacainní freisin a chuir isteach ar leanaí agus ar dhaoine óga ar nós easpa spreagtha, an iomarca am ar scáileán, agus gur timpeallacht scanrúil a bhí sa spás fóirúil le labhairt suas ann. Bhí brú millteanach ar thuismitheoirí agus ar chúramóirí freisin, mar go bhfuil a dtacaíocht riachtanach do leanaí agus do dhaoine óga le bheith rannpháirteach i ngníomhaíochtaí ceoil ar líne go minic, maidir le cothromaíocht a fháil idir a bheith ag obair as baile agus a bheith ag cabhrú le leanaí agus le daoine óga a bheith rannpháirteach.

An téama ba shuntasáí a choinnigh ag teacht aníos sna freagraí ná an easpa caidreamh sóisialta sa timpeallacht ar líne agus an mothúchán nach raibh an fhoghlaim ar líne chomh maith le foghlaim duine ar dhuine. Luaigh freagróirí go minic gur airigh siad uathu a gcomhpháirtithe agus na hOideoirí Ceoltóirí, gur airigh siad uathu a bheith ag seinm mar ghrúpa, agus nach raibh an oiread spraoi ag baint leis an ngníomhaíocht ar líne.

In ainneoin na mbacainní seo, thug roinnt rannpháirtithe faoi deara na deiseanna a chuir an seachadadh ar líne ar fáil, go háirithe maidir le rochtain ar ghníomhaíochtaí ceoil a chur ar fáil do rannpháirtithe a mbeadh fadhb acu freastal go pearsanta, mar go raibh siad ag cónaí i bhfad ó na gníomhaíochtaí sin mar shampla. Bhí an mothúchán ann, cé go raibh formhór na rannpháirtithe ag súil le bheith ar ais ag foghlaim duine ar dhuine, nár chóir neamhaird a dhéanamh do na féidearthachtaí maidir le seachadadh ar líne sa todhchaí.

Bunaithe ar an léargas seo, rinne an OFN athbhreithniú a choimisiúnú ar na cleachtais teicneolaíochtaí ceoil is fearr d'oideachas ceoil. Breathnaíodh ar na praiticiúlachtaí, na srianta agus na deiseanna a chur úsáid teicneolaíochtaí roinnte fuaime ar líne ar fáil san athbhreithniú seo. Rinneadh achoimre ann ar

- na modhanna éagsúla a úsáideann bogearraí sruthaithe chomh maith le cur síos ar a bpríomhbhuntaistí agus míbhuntaistí
- na hardáin reatha atá ann cheana
- an chúis le teicneolaíochtaí atá bunaithe ar an idirlíon a úsáid agus moltaí maidir le roghanna eile le smaoineamh orthu d'idirghníomhaíochtaí fuaim-bhunaithe agus,
- treonna teicneolaíochtaí sa todhchaí.

Mar gheall ar an ngá a bhí leis, choinnigh Music Generation cláir ar líne chun deiseanna a thairiscint fiú nuair ba mheasa na srianta. Táthar ag súil amach anseo go mbeidh an t-athbhreithniú seo mar bhonn eolais do chur chuige réamhghníomhach agus meáite maidir le seachadadh ar líne a bhfuil sé d'aidhm aige an poitéinseal atá ag teicneolaíocht an cheoil le bacainní ar rochtain a bhriseadh síos.



Buaicphointí an chláir ar fud na tíre

Ceatharlach

Tháinig an Reilig Ensemble ó **Music Generation Cheatharlach** le chéile le Music Generation Laoise agus an Strabane Brass Band do thaibhiú beo agus fíorúil den **Three Rivers**. Bhí an comhoibriú trasteorann seo maoinithe faoi chiste ‘An Scéim um Chomhoibriú le Tuaisceart Éireann’ de chuid na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Bhí sé mar aidhm ag an tionscadal ceiliúradh a dhéanamh ar fhilleadh ar léiriú beo agus ómós a thabhairt do na ceoltóirí óga a lean ar aghaidh ag taispeáint a gcuid ealaíon agus a gcuid buanna i rith am a bhí thar a bheith dúshlánach. Bhí Three Rivers taibhithe ag trí ensemble in ionaid ar fud chontaetha Thír Eoghain, Laoise agus Cheatharlach. Féach ar an taibhiú [anseo](#).

An Cabhán/Muineachán

Chuir **Music Generation an Chabháin/Mhuineacháin** clár feadóg stáin a bhí dírithe ar theaghlaigh ar fáil mar chuid den fheachtas ‘**Go dté Tú Slán’: Ag casadh as agus a bheith cruthaitheach**. Bhí an clár dírithe ar spás a chruthú do theaghlaigh le teacht le chéile, le scileanna nua a fhoghlaim agus le taithí a fháil ar oideachas ceoil taibhithe. Ghlac 68 teaghlach as dhá chontae páirt thar thréimhse ocht seachtaine agus bhí an t-aiseolas a tháinig ar ais thar a bheith dearfach.

An Clár

Thug Ceolfhoireann Consairtín na hÉireann **Music Generation an Chláir** a gcéad thaibhiú ar shraith nua ceoil a bhí scríofa ag an Dr. Tim Collins ag **Féile an Chonsairtín 2021**. Bunaíodh an cheolfhoireann, ag bhfuil 42 comhalta, in 2020 agus seo an chéad cheann dá leithéid in Éirinn agus tá rannpháirtithe ó Chontaetha an Chláir, Gaillimh, Luimneach, Tiobraid Árann agus Corcaigh páirteach ann. Ghlac na rannpháirtithe páirt i gclár faisnéise maidir lena dtaithe ar chleachtadh, taibhiú agus na cláir ar líne le linn na paindéime sular ghlac siad páirt san imeacht náisiúnta. Tá an taibhiú seo agus an clár faisnéise le feiceáil [anseo](#).

Cathair Chorcaí

Chuir **Music Generation Chathair Chorcaí** Throwing Shapes i láthair, tionscadal scannánaíochta i bhfoirm clár faisnéise a bhí comhléirithe ag The Kabin Studio, Graffiti Theatre, Cork Midsummer Festival agus Music Generation Chathair Chorcaí le tacaíocht ón Chomhairle Ealaíon agus ciste Arts in Context de chuid Chomhairle Cathrach Chorcaí.

Lean Throwing Shapes aistear seachtar ealaíontóirí óga a roinn a gcuid machnaimh cheolmhara ar cé leis a bhfuil sé cosúil a bheith óg i gCathair Chorcaí sa lá atá inniu ann. Baineann siad úsáid as hip hop, an focal labhartha, agus cumadóireacht chun a gcuid scéalta agus a gcuid taithí a roinnt. Taispeánadh an tionscadal den chéad uair ag an Cork Midsummer Film Festival 2021 agus bhí sé stiúrtha ag Rosie Barrett agus is é Albert Hooi a rinne an scannánaíocht. Léigh tuilleadh faoin scannán [anseo](#).



Cathair Bhaile Átha Cliath

Laistigh den chéad bhliain ina raibh sé ag feidhmiú, d'earcaigh **Music Generation Chathair Bhaile Átha Cliath** a bhunfhoireann de OFC, Riarthóir agus Oideoirí Ceoltóirí. Bhí sé chlár ceoil bunaithe timpeall ar mheán na gutha deartha agus dírithe ar shuíomhanna scoile DEIS. Tar éis dul i gcomhairle le scoileanna áitiúla agus le Cnuasaigh Críochnaithe Scoile (CCS) na Cúlóige, thosaigh Cathair Bhaile Átha Cliath dhá chlár phíolótacha Bunscoile; Taiscéalaithe Ceoil (Luathbhlianta) agus Club Ceoil (Bunscoil níos sine). Tharlaigh na clár phíolótacha seo thar tréimhse cúig seachtaine i gceithre scoil agus thug siad léargas le tacú le tuilleadh forbartha ar an gclár.

Dún Laoghaire – Ráth an Dúin

Lean **Music Generation Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin** lena gclár leithleach **Sojourn**, a bhfuil tionchar aige, i Scoil Carmona i rith na bliana acadúla. D'oibrigh Oideoirí Ceoltóirí ó Scoil Cheoil Bhaile an Teampaill, a bhfuil taithí acu ag obair le leanaí agus le daoine óga le riachtanais speisialta, i dtimpeallacht scoile riachtanais speisialta a chuimsigh réimse leathan aoiseanna ó leanaí suas go daoine óga amach sna déaga. Spreag an clár déanamh ceoil ghníomhach agus rannpháirtíocht le leanaí agus le daoine óga le dianriachtanais go tromriachtanais, le cúnaimh ó úsáid na teicneolaíochta Soundbeam. Is gléas ceoil 'nach gá teagmháil a dhéanamh leis' agus a bhfuil gradaim bainte amach aige é Soundbeam, a bhaineann úsáid as teicneolaíocht braiteora chun gluaiseacht a aistriú isteach i gceol agus i bhfuaim. Tugann sé an deis do leanaí agus do dhaoine óga faoi gach cumas ceol a sheinm. Féach ar an bhfíseán faisnéise gearr faoin gclár [anseo](#).

Fine Gall

Bunaíodh **Music Generation Fine Gall** trí chomhpháirtíocht nua idir Music Generation, BOO Bhaile Átha Cliath agus Dún Laoghaire agus Comhairle Contae Fhine Gall. Ceapadh an chéad OFC d'Fine Gall i mí na Samhna 2021 agus tá forbairt an chlár ar bun.

Cathair na Gaillimhe

Bhí **Music Generation Chathair na Gaillimhe rannpháirteach** le grúpa scoláirí Idirbhliana ó Choláiste Mhuirinne agus an ATMOS Collective chun a dtraic hip-hop féin **Y.A.M (Young and Motivated)** a scríobh, a thaifeadadh agus a léiriú. Bhí na ceoltóirí óga páirteach i bpróiseas cruthaitheach saibhir agus iad á gcur féin in iúl trí cheol agus trína gcuid taithí a insint trí mheán an cheoil hip-hop. Thaispeáin an léiriúchán seo, a craoladh ar líne, an luach a bhaineann leis na cineáil seo comhoibrithe. Féach air [anseo](#).

Contae na Gaillimhe

Eispéiris spreagúla a chothú do leanaí agus daoine óga. Níl muid ach ina thús.

In 2021 sheol **Music Generation Chontae na Gaillimhe** clár oideachais ceoil taibhithe sheachtainiúla i Scoil Chaomhain agus i gColáiste Ghobnait ar Inis Oírr (An ceann is lú d'Oileáin Árann). Chuaigh Oideoirí Ceoltóirí isteach ar an eitleán uair sa seachtain chun oideachas ceoil taibhithe a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga a mbíonn bacainní geografacha rompu go rialta maidir le rochtain.

Tá an réigiún Gaeltachta is mó sa tír agus ceithre oileán i limistéar Music Generation Chontae na Gaillimhe. Tá go leor de na ceantair Ghaeltachta seo iargúlta agus scoite amach ó phríomhionaid cheoil na Gaillimhe agus mar sin tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfuil rochtain ag na leanaí agus ag na daoine óga atá ag cónaí sna réigiúin seo agus ar na hOileáin ar chlár Music Generation. Tá sé ríthábhachtach freisin go seachtadar na clár seo go dátheangach más féidir. Féach ar an ngearrfhíseán faoin aistear seachtainiúil [anseo](#).

Ciarraí

Sheol **Music Generation Chiarraí Clár Teicneolaíochta Ceoil na hIdirbhliana**, tionscadal cruthaitheach a dhírigh ar shraith scileanna digiteacha a fhorbairt trí dhéanamh ceoil. Cuireadh an clár ar fáil trí Zoom chuig iar-bhunscoileanna i dTrá Lí, Cill Airne, Oileán Chiarraí, An Neidín agus Cathair Saidhbhín agus thug sé réamheolas ar Stáisiún Oibre Fuaime Digiteach, Soundtrap agus Chrome Music Lab. Ghlac rannpháirtithe an chlár páirt i gcruthú ceoil comhoibritheach agus fuair siad treoir agus réamheolas ar phodchraoltóireacht agus ag cur ceol le físeáin. Cuireadh trealamh breise ar nós micreafóin, cluasáin, méarchláir MIDI, comhéadáin Fuaime/MIDI ar fáil chun tacú leis na rannpháirtithe.

Cill Dara

Mar chuid de Mhol Digiteach **Music Generation Chill Dara**, rinne seachtar ceoltóirí óga albam ceoil bunaidh seacht-dtraic dár teideal Distant Vibrations a chumadh, a thaifeadadh agus a léiriú. Rinneadh an t-albam a scríobh mar thráchttaireacht ar a dtaithí aonair ar Covid-19 agus curtha in iúl trí mheascán de cheol rac, popcheol, leictreonach, acústach agus tras-sheánra. Rinne na ceoltóirí óga an próiseas ar fad a stiúradh ón mbunsmaoineamh go dtí an críoch, lena n-áirítear an cumadh, an eagarthóireacht, ag comhordú eisiúint an albaim, an obair ealaíne, an seoladh agus bolscaireacht. Rinne na rannpháirtithe podchraoladh a chruthú agus a sheachadadh freisin ina ndearna siad cioradh ar na dúshláin a bhí rompu agus iad ag dul trí na próisis cruthaitheachta le linn paidéime. Craoladh an podchraoladh ar Dublin Digital Radio agus ar The Hive Youth Radio agus

rinneadh athsheoladh ar an albam agus ar an bpodchraoladh araon chun Oíche Chultúir 2021 a cheiliúradh.

Cill Chainnigh

Bhí ‘Jingle Bell Rockout’ le **Music Generation Chill Chainnigh** le feiceáil ar an gclár Nationwide de chuid RTÉ i mí na Nollag 2021. Rinne na ceoltóirí óga agus na hionstraimithe ón ‘Creative Music Space’ taibhiú beo mar chuid de chlár imeachtaí an Yulefest Bandstand. Ba é seo an chéad uair ag cuid acu taibhiú beo a dhéanamh go poiblí. Is mol ceoil rac agus pop iarscoile é an ‘Creative Music Space’ a socraíodh suas i gcomhpháirtíocht le Foróige. Is spás é an mol gur féidir le ceoltóirí óga teacht le chéile i dtimpeallacht sábháilte, suaimhneach chun cairde nua a dhéanamh agus a bheith cruthaitheach le ceol. Féach ar an taibhiú agus ar an agallamh le Nationwide ar RTÉ [anseo](#).

Laois

Chuaigh **Music Generation Laoise** amach faoin aer chun an chéad taibhiú de **The Impossible Dream** a chur os comhair an phobail. Déanann *The Impossible Dream* leis an Dr Martin Tourish cíoradh agus ceiliúradh ar scéala an eitleora as Port Laoise, an Coirnéal James Michael Fitzmaurice, a bhí i mbun an chéad eitilt thrasatlantach ón Oirthear go dtí an tIarthar i 1928. Mar a tharlaíonn sé, bhí a n-aistear suaite féin i ndán do Martin agus an 76 ceoltóir óg a bhí ag obair chun an seó seo a chur ar an stáitse agus iad ag treabhadh trí na dúshláin a chuir an phaindéim ina gcosán agus iad ag cruthú na hoibre agus ag cleachtadh. D’oibrigh na ceoltóirí óga le Martin Tourish ar bhealach a bhí fíor-chomhoibríoch trí ghlaochanna Zoom, físeáin YouTube, ríomhphoist agus comhaid fuaime le hullmhú don taibhiú. Chuir Ceolfhoireann Traidisiúnta Music Generation Laoise faoi stiúir Siobhán Buckley an chéad taibhiú dochreidte ar bun in Ionad Ceoil Laoise i mí na Nollag 2021. Féach ar an taibhiú [anseo](#).

Liatroim

Mhol cláir **MusicWorks Music Generation Liatroma** go gcuirfí réimse gníomhaíochtaí ceoil ar fáil do leanaí ó naíonáin shóisearacha suas go rang a sé. Ghlac rannpháirtithe an chláir Luathbhlianta páirt i gcluichí ceoil, ag déanamh gluaiseachtaí leis an gceol, ag canadh, agus seisiúin cnagadh, rudaí a spreag obair mar fhoireann agus a chuir lena muinín a fhorbairt. Rinne na Blianta Sinsearacha forbairt ar a gcuid éisteachta inmheánaí agus ar a gceolmhaireacht trí fhoghlaim chun an fonn agus an gné tionlacain a théann le hamhráin choitianta a sheinm ar an ucaileile.

Cathair Luimnigh

Chuir **Music Generation Chathair Luimnigh** comhoibriú ceannródaíoch idir cumadóirí amhráin óga, ealaíontóirí an fhocail labhartha, comhghleacaithe ó Slam Out Loud san India agus léiritheoirí agus cumadóirí as cathair Luimnigh i láthair. Ag obair le meantóirí ealaíontóirí i Luimneach agus i nDeilí Nua, chomhoibrigh agus chruthaigh na daoine óga téip mheasctha agus sraith físeán taibhithe. Ba é an tionscadal seo buaicphointe obair Music Generation Chathair Luimnigh i rith na paindéime agus bhí sé ceannródaíoch i bhforbairt múnlaí cumaisc agus comh-chruthaithe ar líne. Bhí sé mar aidhm aige greim a fháil ar an neasacht a bhaineann le ceol beo agus é a mheasadh le réalachas draíochta an iarléiriúcháin. Ba é seo an chéad cheann i sraith uailmhianach de chomhoibrithe idirnáisiúnta ar líne. Féach an comhoibriú fíorúil [anseo](#).

Contae Luimnigh

Bunaíodh **Music Generation Chontae Luimnigh** trí chomhpháirtíocht nua idir Music Generation, BOO Luimnigh agus an Chláir agus Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Ceapadh OFC Chontae Luimnigh i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus tosaíodh ar chur i bhfeidhm an chláir forbartha.



An Longfort

Lean **Music Generation an Longfoirt** i gcomhpháirtíocht le Seirbhísí Óige an Longfoirt lena glár rathúil ag cur rochtain ar ceol ar fáil dóibh siúd in Ionaid Soláthair Dhírigh. Tháinig fás suntasach ar an glár ceoil le grúpa ógánach Romach agus thug sé an deis do dhaoine óga as an bpobal seo teacht le chéile go seachtainiúil chun ceol a chruthú, a sheinm, a mhothú agus a bheith ar a gcompord. [Léigh tuilleadh faoin tionscadal áitiúil seo.](#)

Lú

Rinne an Harp Ensemble **Music Generation Lú** taifeadh ar thaibhithe ag dhá shuíomh ag Loch Cairlín agus ag Amharcphointe Bharr an Fheadáin mar chuid d'Fhéile Cruitireachta Idirnáisiúnta Chairde na Cruite agus Lá Náisiúnta na Cruite 2021. Tháinig na ceoltóirí Éireannacha Zoë Conway agus John McIntyre le chéile le 12 clárseoir chun taibhiú a dhéanamh ar *Ómós do Shéamus* (cumtha ag Conway agus McIntyre) i gcuimhne ar Shéamus Heaney. Taispeánadh é seo ar líne mar chuid de sceideal Lá na Cruite 2021 de chuid Cruit Éireann. Féach air [anseo](#).

Maigh Eo

Lean **Clár Comhpháirtíochta an Foxford Brass and Reed Band**, banna pobail ilghlúine le **Music Generation Mhaigh Eo**, lena dteagasc agus lena gcleachtadh seachtainiúil ar líne fad agus a bhí na srianta Covid-19 i bhfeidhm don chéad leath den bhliain. I mí Dheireadh Fómhair thosaigh grúpaí beaga ag seinm le chéile chomh maith le hoíche cleachtaidh bheo tiomnaithe do leanaí agus do dhaoine óga. Thosaigh cleachtadh iomlán an bhanna idirghlúine i mí na Samhna.

Bhí an Foxford Brass and Reed Band le cloisteáil ar shraith clár faisnéise raidió nua a chuaigh amach ar Midwest Radio ag insint faoi scéal inspioráideach chlár fíor-rathúil Music Generation Mhaigh Eo. Bhí taibhithe agus agallaimh le rannpháirtithe an chlár agus leis na hOideoirí Ceoltóirí san áireamh sa chlár. Éist siar leis an gcráoladh [anseo](#).

An Mhí

D'ostáil **Music Generation na Mí** Ceardlann Buillebhoscadóireacht le SK Shlomo a bhí oscailte d'aon duine idir 6 agus 18 bliain d'aois. Bhí rannpháirtithe in ann scileanna a fhiosrú agus a fhoghlaim le bheith ina réalta buillebhoscadóireachta ag déanamh fuaimeanna greannmhara, torann iontach, agus ceol mealltach. Ghlac 58 leanbh agus duine óg ón Mhí, Loch Garman, Ciarraí, An Cabhán, Baile Átha Cliath agus Corcaigh páirt sa cheardlann leis an DJ agus buillebhoscadóir a bhfuil curiarracht domhanda sáraithe aige.

Uíbh Fhailí/An Iarmhí

Chuaigh **Music Generation Uíbh Fhailí/Na hIarmhí** i bpáirt le Music Generation Lú, Sing Ireland agus IMRO le **Spring Voices** a fhorbairt. Bhí an campa amhránaíochta ar líne oscailte do dhaoine óga ar fud na hÉireann idir 12 go 18 bliain d'aois. Ní raibh gá le haon taithí amhránaíochta roimhe sin, agus chlúdaigh an cheardlann gach rud ó amhránaíocht agus cumadóireacht go rap. Rinneadh an campa a sheachadadh trí sheisiúin grúpa sheachtainiúla ar líne le hacmhainní breise ar líne curtha ar fáil le tacú le traenáil gutha.

Ros Comáin

D'eisigh **Music Generation Ros Comáin** taibhiú comhoibríoch de Stand by Me le Ben E. King, a bhí taibhithe ag cuid de na leanaí agus de na daoine óga ó Chlár Bunscoileanna Music Generation Ros Comáin agus **Community Rocks**. Spreagann Community Rocks daoine óga laistigh den phobal le bheith ag comhoibriú agus ag socrú suas bannaí agus lean siad ag lorg deiseanna taibhithe dá rannpháirtithe tríd an bpaindéim.

Ghabh an t-amharcléiriú seo cuid de na buaicphointí agus den taithí a bhí ag rannpháirtithe an chlár thar tréimhse cúig mhí déag. Taispeánadh an taibhiú seo ag an imeacht fíorúil Cistí na hÉireann' Women in Leadership Lunch in San Francisco. Féach [anseo](#).



Sligeach

Lean **Glórtha Aos Óg Shligigh** as **Music Generation Shligigh** ag cur seisiúin gutha fhíorúla ar fáil ar feadh 2021, agus bhí os cionn 40 leanbh agus duine óg ag baint tairbhe as seo i Sligeach agus sna contaetha mórthimpeall. Is comhpháirtíocht idir Music Generation Shligigh agus Amharclann Hawks Well iad Glórtha Aos Óg Shligigh agus tugann siad deis do leanaí agus do dhaoine óga a gcuid scileanna i gcórchantain a fhorbairt trí theagmháil le réimse stíleanna agus taithí ceoil. Chun crích a chur le 2021, d'eisigh 28 comhalta de Ghlortha Aos Óg Shligigh leagan de 'Better Days' le Dermot Kennedy leis an misean teachtaireacht dearfach agus dóchais a roinnt leis an bpobal áitiúil. Féach ar an taibhiú [anseo](#).

Baile Átha Cliath Theas

Chomhoibrigh Mol Pobail **Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas** le raidió Dublin South FM trí sheilbh beo a ghlacadh air agus sraith taibhithe agus agallamh a dhéanamh. Sula ndearna siad an craoladh, ghlac 27 rannpháirtí páirt i gcomórtas scríobh amhrán/cumadóireachta a bhí á óstáil ag Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas. Rinne painéal moltóirí de chumadóirí/ceoltóirí gairmiúla measúnú ar na hamhráin agus fógraíodh na buaiteoirí beo ar an gclár raidió. Éist leis an gcráoladh iomlán [anseo](#).



Tiobraid Árann

D'fhorbair **Music Generation Thiobraid Árann** a gcór fíorúil idirghlúine, **Tipperary Sings**, i gcomhpháirtíocht le hOifig Ealaíon Chomhairle Chontae Thiobraid Árann agus le Féile na Bealtaine 2021. Bhí sé mar aidhm ag an gclár leanaí agus daoine óga a chumasú le ceangal ceolmhar a dhéanamh le baill teaghlaigh a bhí ag leithlisiú. Ba é an aidhm ná mol ceoil spreagúil a chruthú i ngach teach ina bhféadfadh rannpháirtithe an chláir a bheith ag amhránaíocht, ag cleachtadh, a bheith cruthaitheach agus ag coinneáil dlúthchaidreamh eatarthu. Bhí an clár stiúrtha go fíorúil trí theagasc gutha le grúpa mór agus lean sé seo ar aghaidh i gceart nuair a tháinig deireadh leis na srianta. Cruthaíodh clár faisnéise gearr a bhreathnaigh siar ar an taithí. Féach ar an gclár faisnéise [anseo](#).

Phort Láirge

Lean **Music Generation Phort Láirge** ag cruthú deiseanna taibhithe go fíorúil agus beo dá gcuid Ensembles Traidisiúnta ar fud Chontae agus Chathair Phort Láirge i rith 2021.

Chomhoibrigh an Ensemble Traidisiúnta Sinsearach le ceoltóirí téide óga ón Winston Salem Youth Symphony Programme i North Carolina. Mar chuid den chomhpháirtíocht speisialta seo rinneadh taibhiú fíorúil de *Mo Ghile Mear*, a bhí cóirithe ag Nóra Byrne Kavanagh, agus a heisíodh ar Lá Fhéile Pádraig 2021. Féach ar an taibhiú [anseo](#).

Tar éis d'imeachtaí beo filleadh, rinne Ard-Ensemble Traidisiúnta Music Generation Loch Garman taibhiú ag an Amharclann Ríoga i Loch Garman leis na haíonna speisialta Fergal Scahill, Ryan Molloy agus an banna Tulua. Sa bhreis air sin, rinne an Ensemble óstáil ar thaibhithe beo i gCathair Phort Láirge don Oíche Chultúir 2021, a bhí le feiceáil ar Nuacht RTÉ. Rinne an Ensemble taibhiú ag an Lá Idirnáisiúnta Píobaireachta 2021 in Ard-Eaglais Chríost i bPort Láirge freisin. Féach ar an taibhiú [anseo](#).



Loch Garman

Lean **High Street Opera Shop Music Generation Loch Garman** ag athbhrandáil go ‘High Street Opera Zoom’ in 2021. Bhí na ceardlanna idirghníomhacha ar bun go míosúil agus spreag siad leanaí agus daoine óga a gcuid guthanna agus a gcuid ceoil a fhorbairt agus ag an am céanna a bheith ag féachaint ar fhreagairtí cruthaitheacha don cheoldrámaíocht.

Tugadh cuireadh do rannpháirtithe an High Street Opera Zoom páirt a ghlacadh san Little Conductor’s Workshop de chuid Féile Ceoldrámaíochta Loch Garman. Bhí sraith ceardlanna san áireamh anseo faoi stiúir an stiúrthóra/cumadóra Andrew Synnott agus an tOideoir Ceoltóra Elizabeth Drwal. Bhí deis ag na ceoltóirí óga forbairt a dhéanamh ar a gcuid ceolmhaireachta agus cíoradh a dhéanamh ar ghluaiseacht agus ar rithim agus iad á dtreorú trí na próisis stiúirthoireachta. Chríochnaigh an cheardlann dheiridh leis na daoine óga ag stiúradh na Wexford Factory Artists ar stáitse an Áráis Náisiúnta Ceoldrámaíochta. Féach an Beoshruthú [anseo](#).

Cill Mhantáin

Rinne **Music Generation Chill Mhantáin** i gcomhpháirtíocht le Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas dearadh agus seachadadh ar **Signature Sounds**, sraith ceardlanna ar líne do dhaoine óga a bhí ag dul i ngleic le Sound Art. Bhí na ceardlanna dírithe ar fhuaimeanna a fhorbairt do chumadóireacht chruthaitheach. Ba é an cumadóir Robert Coleman a bhí i mbun na dtionscadal agus rinne siad cíoradh ar smaointe maidir le héisteacht, le taifeadadh, le timpeallachtaí fuaimne agus le mapaí fuaimne, ag spreagadh rannpháirtithe an chláir na coincheapa seo a cheangal isteach ina gcuid cumadóireachta agus ina gcuid taibhithe.

Deiseanna d’Ambasadóirí Óga agus Imeachtaí Cultúrtha Náisiúnta

Oibríonn Music Generation go dlúth le maoinitheoirí, le deontóirí agus le comhpháirtithe chun deiseanna taibhithe a gcumhneoidh siad go brách orthu a chur ar fáil do rannpháirtithe an chláir ar fud na hÉireann do lucht féachana/éisteachta náisiúnta agus idirnáisiúnta. Le himeachtaí beo agus ceoil ag déanamh a mbealach ar ais de réir a chéile in 2021, lean na leanaí agus na daoine óg ag taispeáint a mbuanna.

Music Generation ag ceiliúradh Lá Fhéile Pádraig – Márta 2021

Rinne comhpháirtíochtaí Music Generation ar fud na hÉireann ceiliúradh ar an tsaoire náisiúnta ar bhealaí uathúla agus cruthaitheacha. Taispeánann muid rogha de chuid de na himeachtaí ceoil speisialta a tharla le cur leis an gceiliúradh idirnáisiúnta i rith bliain neamhghnách. Léigh tuilleadh faoi Lá Fhéile Pádraig 2021 [anseo](#).

- Tháinig Symphonic Waves Youth Orchestra **Music Generation na Gaillimhe** le chéile le Ceolfhoireann Thraidisiúnta na Gaillimhe chun taibhiú comhoibríoch fíorspeialta a dhéanamh a bhí éascaithe ag RTÉ a hAon agus a craoladh mar chuid de cheiliúradh Lá Fhéile Pádraig 2021. Rinne na ceolfhoirne taibhiú ar phíosa cumadóireachta úrnua ‘The Magic Carpet’ le Eric Cunningham, a bhí comh-chóirithe ag Ita Geraghty agus ag Cian Boylan le haghaidh ceolfhoireann. Rinneadh scannánaíocht ar an taibhiú eipiciúil ar thrá álainn na bhForbacha i gContae na Gaillimhe agus bhí taibhiú ón damhsóir Daniela Goluba ón Genevieve Dance Academy san áireamh ann freisin. Féach ar an taibhiú [anseo](#).
- D’eisigh **Music Generation Thiobraid Árann** físeáin thaibhithe ina raibh na ceoltóirí óga óna gclár Píobaireacht Uilleann ar feadh Lá Fhéile Pádraig. Bhí an t-uirlis, atá aitheanta ag an EOECA, mar fhócas don lá i **Music Generation Chill Dara, na Mí agus Chill Chainnigh** freisin. Chuir na ceantair seo réimse máistir-ranganna ar fáil do cheoltóirí óga atá ag teacht aníos chomh maith le taibhithe ó pháobairí atá aitheanta go hidirnáisiúnta. Shruthaigh **Music Generation Chill Chainnigh** taibhiú beo de ‘Uilleann Pipe Dreams’ ina raibh 12 píobaire óg ag seinm taobh le taobh le comhaltá de Na Píobairí Uilleann agus Club Píobairí Chill Chainnigh. Féach an físeán [anseo](#).



Ambasadóirí Óga ag déanamh ionadaíocht thar ceann Music Generation ag imeachtaí Cistí na hÉireann – Bealtaine agus Nollaig 2021

Rinne Ambasadóirí Óga ó Music Generation Chontae na Gaillimhe taibhiú ag Gala Fíorúil Chistí na hÉireann in San Francisco. Chuir Music Generation taibhiú fíorúil de ‘The Magic Carpet’, píosa nuachumtha le Eric Cunningham a bhí taibhithe ag Symphonic Waves agus éascaithe ag Music Generation Chontae na Gaillimhe agus Ceolfhoireann Traidisiúnta na Gaillimhe i láthair. Tugann an obair a dhéanann Cistí na hÉireann deis do leanaí agus do dhaoine óga in Éirinn rochtain a bheith acu ar cheol, agus mar sin b’ónóir do Music Generation a bheith mar chuid dá n-ócáid in San Francisco! Féach air [anseo](#).

Bhí Music Generation Ros Comáin thar a bheith sásta a bheith páirteach san imeacht fíorúil Women in Leadership Luncheon in San Francisco i mí na Nollag 2021. Bhí ceoltóirí agus amhránaithe óga ó mhoil ceoil pobail agus bunscoileanna ar fud Chontae Ros Comáin san áireamh san fhíseán ceoil spreagúil a rinne siad d’amhrán clasaiceach Ben E. King “Stand By Me”. Féach an ócáid [anseo](#).

Music Generation ag ceiliúradh Cruinniú na nÓg – Meitheamh 2021

Gach bliain glacann comhpháirtíochtaí Music Generation ar fud na tíre páirt i gCruinniú na nÓg, lá náisiúnta na hÉireann do chruthaitheacht saor in aisce do leanaí agus do dhaoine óg. Cuirtear réimse leathan agus éagsúil taibhithe, ceardlanna agus taithí ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga ina bpobail áitiúla ar fud na tíre agus in 2021 lean na gníomhaíochtaí seo ar aghaidh go fíorúil agus lasmuigh.

Tháinig na grúpaí Reelig, Reel Nua, Reel Óg, Mouthbox agus BoomBrasstic de chuid **Music Generation Cheatharlach** le chéile chun **Tyndall’s Spark** — saothar ilseánra leis an gcumadóir Martin Tourish — a fhoghlaim agus a thaifeadadh. Bhí an saothar le feiceáil den chéad uair ar leathanaigh Facebook agus YouTube Music Generation Cheatharlach. Féach [Tyndall’s Spark](#).



Chuir Trad Ensemble **Music Generation an Chabháin/Mhuineacháin** saothar nua leis an gcumadóir agus an cláirseoir Michael Rooney i láthair den chéad uair trí cheolchoirm ar líne a craoladh ar **Cúla4 ar Scoil** TG4. D’oibrigh aon dhuine déag ceoltóirí óga leis an gcumadóir a threoraigh na ceoltóirí tríd an saothar nua a bhí ionadaíoch ar cheol ó réigiún an Chabháin/Mhuineacháin. Féach an taibhiú [anseo](#).

D’oibrigh 44 comhalta de Chór Ógra **Music Generation na Mí** leis an amhránaí is scríbhneoir Róisín Ní Ghallóglaigh chun saothar nua ceoil dár teideal Bóinn: The River Goddess a chruthú agus a thaifeadadh do Chruinniú na nÓg 2021. Bhí amhránaithe óga ar fud na tíre páirteach sa thaifeadadh agus taispeánadh an taibhiú fíorúil den chéad uair ar YouTube. Bunaíodh Cór Ógra na Mí i mí Eanáir 2021 agus is daoine óga idir 11 go 18 bliain atá páirteach ann agus tá sé faoi stiúir Giovanna Feeley. D’óstáil **Music Generation Chill Dara** “Tóg druma/Buail druma.” Thug an cheardlann tosaigh do leanaí seo treoir do na rannpháirtithe óga trí ranganna teagaisc chun cnaguirilis a dhéanamh ó rudaí atá timpeall an tí agus rinne siad cíoradh ar cheol cruthaitheach a dhéanamh trí chnagadh. Chuir Cill Dara ceardlann **“Cumadóir don Lá”** ar bun freisin, ceardlann a rinne cíoradh ar theicnící praiticiúla bunúsacha don chumadóireacht. Chuir **Ensemble Cruite Music Generation an Chláir** taibhiú fíorúil do gach aois i láthair ina raibh cóirithe ceol traidisiúnta agus popcheol san áireamh ann. Thug an tOideoir Ceoltóirí Niamh O’Brien cláirseoirí óga as fud Chontae an Chláir le chéile le páirt a ghlacadh ann. Féach an taibhiú [anseo](#).

Sir James agus Lady Galway ag tabhairt inspioráid d’Ambasadóirí Óga – Iúil 2021

Tháinig fliúiteadóirí óga as Music Generation ar fud na tíre le chéile le Sir James Galway agus le Lady Jeanne Galway chun taibhiú fíorúil speisialta den fhonn cáiliúil Máirseáil Bhriain Ború a dhéanamh. Bhí an taibhiú seo, a bhí curtha i láthair agus seachadta ag Acadamh Fliúiteadóireachta na Gaillimhe i gcomhpháirtíocht le Music Generation, mar chuid de chomhoibriú níos leithne inár tháinig leanaí agus daoine óga as Cathair Chorcaí, Ceatharlach, Laois, Lú, Uíbh Fhailí/An Iarmhí, Port Láirge, Loch Garman agus Cill Mhantáin le chéile le haghaidh dhá cheardlann speisialta ar líne. Féach ar [líne](#).



Tagann Music Generation le chéile le haghaidh Oíche Chultúir – Meán Fómhair 2021

Ghlac ceantair Music Generation ar fud na tíre páirt sa cheiliúradh cultúir bliantúil uile-Éireann seo. Ag glacadh páirt den chéad uair bhí **Music Generation Laoise** a chuir taibhithe i láthair ar The Bandwagon leis an dá Albanach Catriona McKay (an chláirseach) agus Chris Stout (an fhidil). D’fhorbair Scoil Ceoil Laoise The Bandwagon, feithicil ceoil gur féidir a bhogadh, agus úsáideadh é do thaibhiú beo den chéad uair ag an bPicnic Leictreach in 2019.

Ghlac ceoltóirí óga ó bhanaí i **Music Generation Ros Comáin** páirt i seoladh Oíche Chultúir Ros Comáin 2021. Bhí deis ag na ceoltóirí óga a gcuid ceoil nuachumtha a chur i láthair mar aoi-cheoltóirí ag seoladh CD an Boyle Songwriters Circle ar thailte Theach an Rí, Mainistir na Búille ar an Oíche Chultúir.

D’óstáil **Music Generation Chathair Chorcaí** réimse imeachtaí beo agus ar líne ar an oíche lena n-áirítear scannáin a thaispeáint beo, ceardlanna buille rap agus scríobh amhrán, seisiúin ceoil thraidisiúnta oscailte agus cleachtadh banna oscailte leis an Barrack Street Band.

Ambasadóirí Óga ag taibhiú ag Seachtain na Nuálaíochta de chuid na Roinne Oideachais – Samhain 2021

Rinne rannpháirtithe **Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas** taibhiú don Aire Oideachais Norma Foley le ceiliúradh a dhéanamh ar chruthaitheacht sa seomra ranga mar chuid de Sheachtain na Nuálaíochta na Roinne Oideachais. Bhí an lucht féachana ón Roinn an-tógtha leis an taibhiú a rinne cúigear ceoltóirí óga le tacaíocht óna meantóir ar ‘For the First Time’ le The Script. Glacann na rannpháirtithe páirt sna Hangout Sessions seachtainiúla i dTamhlacht faoi stiúir Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas agus Foróige, áit a gcomhoibríonn siad le chéile trí scríbhneoireacht amhrán agus trí thaibhiú. Féach air [anseo](#).

“Ba é seo mo chéad thaithí ag scríobh liricí agus ag canadh ar stáitse agus bhí mo chéad thaibhiú an-dearfach. Bhí mé an-neirbhíseach roimh ré ach bhí mé an-chompordach ag dul amach ansin le mo chairde agus mo mheantóirí.”

Lydia, **Ambasadóir Óg** Music Generation Bhaile Átha Cliath Theas

Ambasadóirí Óga ag dul ar stáitse d’imeacht Lá Domhanda na Leanaí – Samhain 2021

D’óstáil Oifig an Ombudsman do Leanaí a gceathrú imeacht bhliantúil Child Talks i mí na Samhna 2021. Bhí sé mar onóir ag Music Generation a bheith páirteach sna ceithre imeacht go dtí seo. Tugann Child Talks ardán do dhaoine óga in Éirinn le díospóireacht a dhéanamh agus a dtuairimí a thabhairt ar chearta leanaí agus ar rudaí atá tábhachtach dóibh. Rinne na hAmbasadóirí Óga, cuid acu nach raibh aon taithí acu ar scríobh ceoil ná ar thaibhiú roimhe seo, saothar rap agus gutha a chumadh bunaithe ar théama an imeachta *My Hopes for the Future*. Le tacaíocht óna gcuid meantóirí, tháinig siad le chéile le cainteoirí óga inspioráideacha a roinn a gcuid Hopes for the Future agus a d’iarr orthu siúd atá i gcumhacht éisteacht le agus foghlaim uaidh leanaí agus daoine óga an lae inniu.

Bhí an taibhiú ar bun san RDS, Baile Átha Cliath agus á chraoladh beo ar shuíomh gréasáin Oifig an Ombudsman do Leanaí. Féach an craoladh agus an taibhiú [anseo](#).



Gníomhaíochtaí agus Torthaí

ATHBHREITHNIÚ AR AN MBLIAIN 2021

79,943

→ Rannpháirtí a bhí sa chlár in 2021

81,584

→ Uair Teagaisc san Oideachas Taibhithe Ceoil a cuireadh ar fáil in 2021

890

→ is ea líon na n-ionad ar leith inar oibrigh Music Generation in 2021

550

→ is ea líon na saothar ceoil a cruthaíodh le leanaí agus le daoine óga in 2021

3,139

→ acmhainn theicniúil agus dhigiteach teagaisc a cuireadh ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga, agus d'Oideoirí Ceoil in 2021


1,679

→ is ea líon thaibhithe Music Generation a rinne leanaí agus daoine óga in 2021

Rannpháirtíocht


Rannpháirtíocht Iomlán ar Chláir don Bhliain

D'oirbhig Music Generation le 79,943 rannpháirtí cláir in 2021, ar fud 26 ceantar LMEP. Léiríonn an figiúr seo an fás leanúnach atá ag teacht ar Music Generation agus na ceantair nua atá ag teacht ar bord ar fud na tíre, agus an maolú atá ag teacht ar shrianta a bhain leis an bpaindéim.



Miondealú Aoise na Rannpháirtithe ar Chláir Music Generation i nGach Ceantar LMEP 2021

Tá an sciar is airde de rannpháirtithe na gclár i measc an aoisghrúpa 7-12 bliain d'aois. Tháinig ardú ar uimhreacha Rannpháirtithe Chláir Déaga Luatha (+66%) agus uimhreacha Rannpháirtithe Chláir Ógra (Iar-Theastas Sóisearach) (+22%) idir 2020 agus 2021.




■ Blianta Sóisir (7-12)	64%
■ Luathbhlianta (0-6 le naíonáin shinsearach san áireamh)	17%
■ Luath-dhéaga (suas go agus Teastas Sóisearach san áireamh)	8%
■ Óige (tar éis Teastas Sóisearach)	8%
■ Duine Fásta (>18), i gcás cláir idirghlúine	3%

Fócas, Formáidí agus Seachadadh Clár

Fad na gClár

Is idir 20-30 seachtain ar fhad atá formhór cláir Music Generation, nó cláir theagaisc bliain iomlán.

■ c. 20–30 Seachtain (fadtéarma/bliain iomlán)	46%
■ Imeacht Aonuaire/Imeacht Seachtaine	23%
■ c. 10–19 Seachtain (meánfhad)	17%
■ c. 2–9 Seachtain (gearrthéarma)	14%



Iarmhairtí Covid-19 ar Dhearadh agus ar Sheachadadh Clár

Bhí an phaindéim fós ag imirt tionchar ar chláir Music Generation in 2021, cé nach raibh sé chomh dona le 2020. Leanadh ag déanamh athruithe ar dhearadh, mar shampla, ag dearadh cláir go sonrach le hoibriú in ainneoin shrianta na paindéime, ag déanamh athshamhlú ar phleananna bunaidh le cur in oiriúint don leibhéal srianta a bhí i bhfeidhm, nó i roinnt cásanna ag laghdú cláir bhunaidh chun go bhféadfaí iad a chur ar bun. Bhí 24% de chláir nua 2021 deartha beag beann ar an bpaindéim, agus ba cláir a seachadadh beo 75% díbh seo.

■ Nua — forbartha go sonrach i gcomhthéacs Covid	25%
■ Nua - ní forbraíodh go sonrach i gcomhthéacs Covid	24%
■ Coinnithe ina iomláine	20%
■ Coinnithe ach ar scála níos lú	16%
■ Athshamhlaithe	11%
■ Curtha ar Sos	4%



Sciar na gClár ar Dearnadh Rochtain Orthu go Cianda/Beo in 2021

Mar a bhí súil leis agus srianta ag teacht chun deiridh, tháinig méadú ar líon na gclár go bhféadfaí freastal orthu ó 37% in 2020 go 52% in 2021. Lean seachadadh cláir cumaiscthe agus ar líne in 2021.



San iomlán, chruthaigh Ceantair LMEP Music Generation 3,139 físeán nó earraí aisioncronach eile d’ábhair dhigiteacha in 2021.

Bhí siad seo déanta suas de thrí chatagóir:

- físeáin teagaisc ceoil (2,500 físeán nó 80%);
- físeáin theicniúil, e.g. ‘Conas ucaileile a thiúnáil’ nó ‘Conas amhrán a thaifeadadh’ (186 físeán nó 6%); agus,
- acmhainní digiteacha eile, e.g. fuaimrianta taca, fuaimrian cliceála, pass the riff (453 nó 14%).

Bhí laghdú suntasach tagtha ar an líon físeáin teagaisc ceoil a bhí á gcruthú i dtreo dheireadh 2020 i gcomparáid leis an gcéad staid den phaindéim. Lean an treocht seo ag teacht anuas le laghdú beagnach 30% ar chruthú an chineáil seo ábhair ó 2020 go 2021.

	Beo	52%
	Ar líne (aisioncronach amháin)	23%
	Cumascaithe (meascán ar líne agus beo)	20%
	Ar líne – meascán de sheachadadh sioncronach agus aisioncronach	3%
	Ar líne – sioncronach	2%




Fócas na gClár

Tá formáidí éagsúla ag na cláir Music Generation le ‘hionstraimeach’ ar an sciar is airde, nó meascán d’ionstraimeach agus guth-dhírthe. I measc catagóirí eile tá Teicneolaíocht Ceoil nó Léiriú agus Eispéireasach. Ní gá go mbeadh uirlis sa chiall thraidisiúnta i gceist le Teicneolaíocht Cheoil, ach bíonn déanamh ceoil go digiteach i gceist, áfach. Mar shampla, trí Stáisiún Oibre Fuaim Digiteacha (DAWS) nó bogearra déanamh buille. Is suíomhanna luathbhlianta agus oideachas speisialta, nó gníomhaíochtaí cosúil le scríobh amhrán, ba mhó a bhí san áireamh i gcláir eispéireasacha. Tá tuilleadh sonraí ar sheánraí na gclár san áireamh sa mhír Inbhuanaitheacht den tuarascáil.

Lean infheistíocht in uirlisí, i dteicneolaíocht agus in oiriúintí i ngach Ceantar LMEP Music Generation chun go bhféadfaí leanúint ag déanamh ceoil, le 17,826 uirlis curtha leis na bainc uirlisí in 2021.



■ Ionstraimeach	43%
■ Meascán de ghutha agus ionstraimeach	29%
■ Gutha	10%
■ Teicneolaíocht Cheoil/Léiriúchán	9%
■ Eispéireachas	9%



Fórsa Oibre agus Bearta le Tacú le Cáilíocht

Fórsa oibre gníomhach Music Generation ag deireadh mhí na Nollag 2021

Sa bhreis ar thionscnaimh forbartha gairmiúla Gréasáin agus faoi stiúir OFC mar atá tuairiscithe sa [Mhír ar Cháilíocht](#) sa tuarascáil seo, chuir Ceantair LMEP Music Generation acmhainní suntasacha ar fáil d'Oideoirí Ceoltóirí le forbairt ghairmiúil a dhéanamh agus cur le cáilíocht na gclár.

Bhí freastal de 837 ar chúrsaí/oiliúint d'Oideoirí Ceoltóirí a bhí eagraithe go háitiúil in 2021. Íocadh daoine, den chuid is mó, le freastal, le 4,297.5 uair ar fad íoctha le hOideoirí Ceoltóirí le freastal ar chúrsaí oiliúna. Léiríonn sé seo infheistíocht shuntasach ag leibhéal áitiúil le tacú le cáilíocht.

Cuireadh deiseanna breise ar fáil d'fhoireann Music Generation agus do leanaí agus do dhaoine óga araon trí chuartheanna ó cheoltóirí gairmiúla. D'eagraigh 25 Ceantar LMEP Music Generation 525 cuairt ó 152 Ceoltóir Gairmiúil (nó ensembles i roinnt cásanna).

RÓL / OIFIG LÍON DAOINE

Oifig Forbartha Náisiúnta	10
Oifigigh Forbartha Ceoil	29
Riarthóirí	24
Oibríthe Acmhainne	8
Oideoirí Ceoltóirí	371
IOMLÁN	442

Príomhchuspóirí na gCuartheanna ó Cheoltóirí Gairmiúla

Tugadh sonraí maidir le príomhchuspóir 467 cuairt agus bá é an cuspóir ba coitianta ná teagasc a chur ar fáil do leanaí agus do dhaoine óga. Bhíodh dhá sprioc ag baint le cuairteanna go minic, mar shampla, teagasc a chur ar fáil agus deiseanna forbartha gairmiúla leanúnacha (FGL) a chur ar fáil d'fhostaithe Music Generation. Cé go raibh 68 de na cuairteanna go príomha le haghaidh FGL fostaithe, mar shampla, nuair a cuireadh an catagóir 'Eile' san áireamh, mhéadaigh sé seo go dtí 92 cuairt FGL.

Teagasc	43%
FGL	15%
Taibhiú	14%
Cumadóireacht	13%
Eile	12%
Cleachtadh	2%
Pleanáil	1%



An Bord

Tá Music Generation DAC, a bunaíodh mar fhochuideachta de Music Network CLG, á rialú ag Bord Stiúrtha ar a bhfuil deichniúr comhaltaí.

Music Generation Comhaltaí Boird don bhliain 2021

Leo Blennerhassett

Cathaoirleach, Sainchomhairleoir Bainistíochta agus iarStiúrthóir Bainistíochta Accenture Ireland

Pat Burke

iarArd-Rúnaí Cúnta sa Roinn Oideachais agus Cathaoirleach an Choimisiúin um Scrúduithe Stát le déanaí

Anna Marie Delaney

Príomhfheidhmeannach Chomhairle Chontae Uíbh Fhailí

Martin Drury

Coimeádaí agus Comhairleoir Neamhspleách

John Kelly

Scríbhneoir, Craoltóir agus buaiteoir gradaim SONY, EMA agus PPI

David Leahy

Príomhfheidhmeannach Bhord Oideachais agus Oiliúna na Gaillimhe agus Ros Comáin

Deirdre McCrea

Comhairleoir Ealaíon Neamhspleách agus iarPhróimhoifigeach Feidhmiúcháin Music Network

An tOllamh Mel Mercier

Cathaoirleach na dTaibhealaíon, Acadamh Domhanda na hÉireann um Cheol agus Rince, Ollscoil Luimnigh

James Morris

Bunaitheoir Windmill Lane Studios, Windmill Lane Pictures agus The Mill (Londain), atá ag obair le Windmill Lane i láthair na huaire chun Stiúideo Maisíocht Físe a bhunú i mBaile Átha Cliath

Chantal O'Sullivan

Margaire Seandachta, comhalta de bhord Nua-Eabhrac de Chumann Seoirseach na hÉireann, comhalta de bhord de Chisté na hÉireann agus de Glucksman Ireland House Nua-Eabhrac

An Fhoireann

Music Generation Foireann Oifige Forbartha Náisiúnta don bhliain 2021

Rosaleen Molloy

Stiúrthóir Náisiúnta

Anita Butler

Oifigeach Airgeadais agus Riaracháin

Mairéad Duffy

Bainisteoir Tacaíochta LMEP (ó Feabhra 2021)

Cathriona Grange

Bainisteoir Oibríochta

Helen Grant

Bainisteoir Airgeadais

Paul Markey

Oifigeach Riaracháin (ó Lúnasa 2021)

Cecelia Molumby

Oifigeach Cumarsáide agus Margaíochta (go Deireadh Fómhair 2021)

Jenny O'Connor Madsen

Madsen Bainisteoir Tacaíochta LMEP (go Meitheamh 2021)

Paula Phelan

Ceannaire Cáilíochta, Tacaíochta agus Forbartha

Aoife Ruth

Bainisteoir Tuairiscithe agus Anailíse (ó Eanáir 2021)

Helen Shyne

Bainisteoir Cumarsáide agus Margaíochta Straitéiseach (ó Meitheamh 2021)

Rialachas

An Bealach ina bhFeidhmíonn an Bord

Is Bord neamhfheidhmiúcháin agus neamhspleách é Bord Stiúrtha Music Generation DAC. Tagann comhaltaí an Bhoird ó chúlraí éagsúla agus tugann siad raon leathan saineolais agus scileanna chuig an mBord, lena n-áirítear, saineolas ealaíonta, oideachais, gnó agus cultúir. Tá deichniúr comhaltaí ar an mBord i láthair na huair. In éineacht, tá siad freagrach as ceannaireacht a sholáthar agus as forbairt straitéise, riosca a aithint agus a mhaolú agus monatóireachta dhéanamh ar thorthaí agus ar bhuiséid na heagraíochta.

Tá próisis oibríochta agus rialaithe i bhfeidhm ag Music Generation, Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe (DAC) lena chinntiú go bhfeidhmíonn Music Generation ar bhealach oscailte agus trédhearcach, go bhfuil Music Generation ag comhlíonadh a chuid freagrachtaí reachtúla/dlíthiúla agus oibleagáidí rialachais a chuid maoinitheoirí agus deontóirí go léir.

Tugann Music Generation an aird chuí ar straitéisí náisiúnta ábhartha, ar bheartais Rialtais agus ar an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

Tá Music Generation ag cloígh freisin le Ráiteas Carthanas faoi Chleachtas Molta – “SORP”.

Tá Music Generation DAC á rialú ag Bunreacht agus tá an Bord Stiúrtha tiomanta na caighdeáin is airde rialachais chorparáidigh a chothabháil, lena n-áirítear, cloígh le Cód Cleachtais Carthanas an Rialálaí Carthanas.

Minicíocht Chruinnithe an Bhoird agus Cruinnithe Coiste

Tionóltar Cruinnithe Boird 6 go 8 uaire in aghaidh na bliana. Sa bhreis air sin, tagann coistí Boird atá níos lú le chéile chun plé a dhéanamh ar ábhair ar nós Acmhainní Daonna, Iniúchadh agus Riosca, Cruthaitheacht agus Comhoibriú.

Ráiteas Maidir le Bearta Bainistíochta Riosca

Tá Coiste Iniúchadh agus Riosca bunaithe ag Bord Music Generation a dhéanann maoirseacht ar Chlár Riosca an Chomhlachta agus a dhéanann monatóireacht ar na rioscaí féideartha ar fad don eagraíocht.

Airgeadas

ACHOIMRE AR FHIGIÚIRÍ NA BLIANA 2021

- Ba €5,467,722 ioncam iomlán Music Generation DAC don bhliain 2021.
 - Fuarthas bunmhaoiniú €732,873 ó Chistí na hÉireann agus fuarthas €4,760,176 ón Státchiste tríd an Roinn Oideachais.
 - Tá ioncam eile lena n-áirítear ioncam taisce agus maoiniú chun deiseanna tacaíochta ó thaobh taibhithe a thabhairt do cheoltóirí óga curtha siar go dtí 2022.
 - Clúdaíonn an maoiniú a leithdháiltear ar Music Generation DAC costais eisíocaíochta cláir do Chomhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil agus costais reatha na hOifige Forbartha Náisiúnta.
 - Cuireann Music Generation DAC maoiniú ar fáil do Chomhpháirtithe Ceannais nuair a bhíonn suim choibhéiseach bailithe ag na Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil (LMEPanna) trí chómhaoiniú a ghintear go háitiúil. As an €5.2m a bhailigh na Comhpháirtithe Ceannais sa bhliain 2021, bhí €1.1m curtha ar fáil mar Thacaíocht Chomhchineáil. Aithnítear leis sin, an cion suntasach a chuireann gach ceantar LMEP ar fáil do chóiríocht oifige, d'fhorchostais agus don fhoireann riaracháin atá riachtanach chun tacú le cláir Music Generation.
-

Ioncam iomlán do chlár
Music Generation

Caiteachas iomlán do chlár
Music Generation

Comhpháirtíochtaí Oideachais Ceoil Áitiúla	48%
An Roinn Oideachais	45%
U2 & Cistí na hÉireann	7%

Seirbhísí Clár	93%
Costais reachtála na hOifige Forbartha Náisiúnta	7%




AGUISÍN A	COMHALTAS AGUS FREASTAL AR CHRUINNITHE BOIRD 2021										
COMHALTA BOIRD	EAN 14	FEABH 22	MÁR 5	AIB 13	BEALT 11	MEIT 1	MEITH 30	IÚIL 29	SAMH 2	NOLL 14	
Mr Leo Blennerhassett	●	●	●	●	●	●	●	●	●	●	
Mr Martin Drury	●	●	●	●	●	●	●	●	●	●	
Mr Pat Burke	●	●		●		●	●		●	●	
Mr James Morris	●	●	●	●	●	●	●	●	●	●	
Ms Deirdre McCrea	●	●	●		●	●		●	●	●	
Ms Chantal O'Sullivan	●	●		●	●	●		●	●		
Mr David Leahy		●	●	●	●	●	●			●	
Ms Anna Marie Delaney		●	●	●		●	●		●	●	
Mr John Kelly	●	●	●	●	●	●	●			●	
Mr Mel Mercier	●		●	●	●	●	●		●	●	

AGUISÍN B	OSTAIS A ÍOCADH LE COMHALTAÍ AN BHOIRD SA BHLIAIN 2021*
BOARD MEMBER	€
Mr Leo Blennerhassett	–
Mr Martin Drury	–
Mr Pat Burke	–
Mr James Morris	–
Ms Deirdre McCrea	–
Ms Chantal O'Sullivan	–
Mr David Leahy	353.75
Ms Anna Marie Delaney	–
Mr John Kelly	–
Mr Mel Mercier	–

*Níor íocadh aon Táillí Stiúirthóra le Comhaltaí an Bhoird sa bhliain 2021.

San áireamh sna figiúirí thíos tá costais Chomhaltaí an Bhoird le freastal ar imeachtaí Comhpháirtíochtaí Áitiúla Oideachais Ceoil agus freastal ar chruinnithe Boird.

COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ
ÁITIÚLA OIDEACHAIS CEOL



PRÍOMHDHEONTÓIRÍ DAONCHAIRDIS MAOINITHEOIRÍ



COMHPHÁIRTÍ CLÁIR



MAOINITHEOIRÍ



An Roinn Oideachais
Department of Education



**Music
Generation**

Music Generation is Ireland's National Music Education Programme. A Music Network Initiative, co-funded by U2, The Ireland Funds, The Department of Education and Local Music Education Partnerships



An Roinn Oideachais
Department of Education